2009

Údaráis Áitiúla Lú

Tuarascáil Bhliantúil

Clár

Comhóráid ón mBainisteoir Contae agus ó na Cathaoirligh agus ón Méara 3
Toghcheantair 4
Comhaltacht Chomhairle Contae Lú 2008 5
Comhaltaí Chomhairle Baile Dhún Dealgan 7
Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 8
Comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia 9
Foireann Shinsearach Údaráis Áitiúla Lú 11
Seirbhísí Corparáideacha 13
Seirbhísí Tithíochta 19
Iompar 23
Seirbhísí Uisce 25
Comhshaol 27
Seirbhísí Éigeandála 29
Pleanáil don Todhchaí 31
Forbairt Eacnamaíochta 33
An tSeirbhís Oidhreachta 35
Turasóireacht 37
An Bord Forbartha Contae 39
Seirbhís Leabharlainne Chontae Lú 43
An tSeirbhís Chartlainne 45
Comhairle Buirge Dhroichead Átha 47
Comhairle Baile Dhún Dealgan 53
Aguisíní 57
Príomhthascairí Feidhmíochta 57
Figiúirí Airgeadais 69
Taifead Tinrimh na gComhaltaí ag Comhdhálacha 73
Íocaíochtaí le Comhaltaí as freastal ar chruinnithe, ar choistí, íocaíochtaí ionadacha, srl 78
Ionadaíocht ar CBS/CBC 79
Caiteachas agus Bronntanais Aimsir na dToghchán Áitiúil 83

RÁITEAS MISIN

Ceannasaíocht a sholáthar agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sheachadadh do mhuintir Lú

Comhóráid ón mBainisteoir Contae agus ó na Cathaoirligh/ón Mhéara

Tugann sé an-sásamh dom Tuarascáil Bhliantúil 2009 a chur i láthair ar son Údaráis Áitiúla Lú.

Deis is ea foilsiú na tuarascála chun eolas agus léiriú a thabhairt ar an méid a baineadh amach agus an dul chun cinn a rinneadh ar na seirbhísí éagsúla iomadúla a sholáthair Údaráis Áitiúla Lú sa bhliain 2009.

Bliain dhúshlánach ab ea í ó thaobh an gheilleagair di ach d'éirigh linn seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí agus dár gcliaint, mar is gnáth. Dhíríomar i gcónaí ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha den saol sna bailte agus sa chontae trí chéile agus dá réir sin bhí breis deiseanna againn chun dul i mbun oibre go héifeachtach le pobail agus leis na gníomhaireachtaí eile chun áit níos fearr i gcónaí a dhéanamh de Lú chun dul i mbun cónaí, i mbun oibre agus i mbun caidrimh le daoine eile ann agus chun oideachas a fháil ann.

Críochnaíodh roinnt scéimeanna tithíochta gus cláir athchóirithe tithíochta a chur leis an méid tithíochta sóisialta agus inacmhainne a sholáthraíonn timpeallacht chónaithe fheabhsaithe. Bunaíodh an tAonad um Pleanáil don Todhchaí agus móréacht ab ea réiteach an Phlean Forbartha Contae 2009-2015 agus Phlean Forbartha Dhún Dealgan agus a Phurláin 2009-2015. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar straitéis deich mbliana an Bhoird Forbartha Contae sa bhliain 2009. Socróidh sé sin, agus obair leanúnach Fhóram Eacnamaíoch an Con cosán straitéiseach d'fhorbairt leanúnach an chontae.

D'athraigh ár mballraíocht tar éis na dtoghchán áitiúil agus guímid gach rath ar na comhghleacaithe sin nár fhill ar Sheomraí na Comhairle. Bhí deiseanna a bhí againn i gcaitheamh na bliana chun dul i gcomhar le baill nua agus baill a bhí ag filleadh agus le baill na bhFóram Pobail ar leibhéal an Bheartais Straitéisigh agus an Bheartais Chathartha, lena n-áirítear na Comhchoistí Póilíneachta a ceapadh le deireanas agus táimid sásta go bhfónfaidh na coistí seo go maith don Chontae sna blianta romhainn.

Ba mhór an bhris an Comhairleoir Mary Grehan agus na baill foirne Sean Maloney agus Kathy O'Hagan sa bhliain 2009. Síocháin síoraí dá n-anamnacha.

Mar fhocal scoir is mór againn tiomantas na foirne agus na mball tofa agus ionadaithe na ngrúpaí earnála ar na grúpaí éagsúla Beartais Straitéisigh agus Cathartha. Admhaímid chomh maith obair bhaill an Bhoird Forbartha Contae agus an Fhóraim Phobail agus a ndíograis agus a mbuanseasmhacht agus cúrsaí geilleagair chomh dúshlánach agus atá. Tá súil againn go leanfaidh na comhpháirtíochtaí sin ar aghaidh leis an dea-obair sa todhchaí.

Conn Murray
Bainisteoir Contae
Údaráis Áitiúla Lú

Jim Darcy
Cathaoirleach
Comhairle Contae Lú

Martin Bellew
Cathaoirleach
Comhairle Baile Dhún

Michael O'Dowd
Méara
Comhairle Buirge Dhroichead Átha

Jim Tenanty
Cathaoirleach
Town Council

Toghcheantair



An Toghchlar

Aithníonn an Chomhairle an fhreagracht atá uirthi a áirithiú go dtugtar deis vótála do gach saoránach atá cáilithe chun vótála. Cuirtear clár i dtoll a chéile gach bliain de na saoránaigh ar fad a bhfuil teideal vótála acu i dtoghcháin áitiúla, in olltoghcháin, agus i dtoghcháin uachtaránachta agus i reifrinn.

Ceantar	Líon na ndaoine ar an Toghchlár
Baile Átha Fhirdhia	17,683
Droichead Átha Thoirt	19,712
Droichead Átha Thiar	13,305
Dún Dealgan/Cairlinn	18,708
Dún Dealgan Theas	20,552

Comhaltaí Chomhairle Contae Lú

Dún Dealgan/Cairlinn

Fine Gael
Terry Brennan

Sinn Féin
Edel Corrigan

Sinn Féin
Jim Loughran

Neamhpháirtí
Jim Ryan

Fianna Fáil
Peter Savage

Dún Dealgan/Theas

Neamhpháirtí
Martin Bellew

Fianna Fáil
Declan Breathnach

Fine Gael
Jim D'Arcy

Comhaontas Glas
Mark Dearey

Neamhpháirtí
Alan Grehan

Sinn Féin
Tomás Sharkey

Droichead Átha Thiar

An Lucht Oibre
Paul Bell

Fine Gael
Anthony Donohoe

Fianna Fáil
Frank Maher

Sinn Féin
Paddy McQuillan

Comhaltaí Chomhairle Contae Lú *ar leanúint*

Droichead Átha Thoir

Fianna Fáil
James Carroll

Neamhspleách
Frank Godfrey

Sinn Féin
Imelda Munster

An Lucht Oibre
Gerald Nash

Fine Gael
Michael O'Dowd

Fine Gael
Oliver Tully

Baile Átha Fhirdhia

Fine Gael
Jim Lennon

Fine Gael
Colm Markey

Fine Gael
Finnan McCoy

Sinn Féin
Pearse McGeough

Fianna Fáil
Liam Reilly

Comhaltaí Chomhairle Baile Dhún Dealgan

Neamhpháirtí
Martin Bellew

Fianna Fáil
Sean Bellew

Comhaontas Glas
Marianne Butler

Fine Gael
Jim D'Arcy

Comhaontas Glas-
Mark Dearey

Sinn Féin
Ian Dooley

Fianna Fáil
Conor Keelan

Sinn Féin
Kevin Meenan

Fianna Fáil
Oliver Morgan

Fine Gael
Eamonn O'Boyle

Neamhspleách
Jim Ryan

Sinn Féin
Harry Todd

Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha

Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha

An Lucht Oibre
Paul Bell

Fine Gael
Kevin Callan

Sinn Féin
Matthew Coogan

Fine Gael
Richie Culhane

Fine Gael
Anthony Donohoe

An Páirtí Sóisialach
Frank Gallagher

Fianna Fáil
Frank Maher

Sinn Féin
Imelda Munster

An Lucht Oibre
Gerald Nash

Fine Gael
Michael O'Dowd

Neamhpháirtí
Ken O'Heiligh

Sinn Féin
Dom Wilton

Comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Neamhpháirtí
Michael Farrelly

An Lucht Oibre
Leonard Hatrick

Comhaontas Glas
Mary Kavanagh

Fianna Fáil
Fintan Malone

Fine Gael
Finnan McCoy

Sinn Féin
Pearse McGeough

Fianna Fáil
Padraig McKenny

Fine Gael
Dolores Minogue

Neamhpháirtí
Jim Tenanty

Foireann Shinsearach Údaráis Áitiúla Lú

Comhairle Contae Lú

Bainisteoir Contae ..... Conn Murray

Stiúrthóirí Seirbhísí

Forbairt Eacnamaíoch agus Pleanáil don Todhchaí ..... Michael Curran
Uisce, Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála ..... Eamonn Walsh
Tithíocht, Pleanáil Pobail agus Beartas Sóisialta ..... Joe McGuinness
Iompar, an Bord Forbartha Contae agus Ábhair Trasteorann ..... Joan Martin
Cléireach an Bhaile agus Stiúrthóir Seirbhísí Ealaíon ..... Des Foley
Cléireach an Bhaile agus Stiúrthóirí Seirbhísí Leabharlainne ..... Frank Pentony
Ceannasaí Airgeadais ..... Bernadette Woods
Ceannasaí TF ..... Eugene Mulholland
Leabharlannaí Contae ..... Bernadette Fennell

Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearacha

Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna ..... Colette Moss
Pobal agus Fiontraíocht, Forbairt Eacnamaíoch, Spórt agus Caitheamh Aimsire ..... Paddy Donnelly
Pleanáil ..... Willie Walsh
Tithíocht ..... Patsy Fitzsimons
Comhshaol ..... Mary Murtagh
Leabharlann ..... Amanda Branigan
Cuntasóir Airgeadais ..... Brian Lynch, Roisín McAuley

Oifigigh Riaracháin

Mótarcháin ..... David Jones
Iompar ..... Eugene McManus
Pleanáil ..... Pauline Watters
Roinn VFM ..... Fiona Downes
Acmhainní Daonna ..... Anne Callan
Airgeadas ..... Pauline Goss
Seirbhísí Sláintíochta ..... Brenda O'Brien
Pobal agus Fiontraíochta, Forbairt Eacnamaíoch, Spórt agus Caitheamh Aimsire ..... Mary Deery, Ellen O'Hanlon
Tithíocht ..... Therese McArdle
Éascaitheoir Comhpháirtíochta ..... Michael McCabe

Innealtóirí Sinsearacha

Iompar ..... Gerry Kelly
Seirbhísí Sláintíochta ..... Mark O'Callaghan
Comhshaol ..... Pat Finn
Tithíocht ..... Raymond McKenna

Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha

Iompar ..... Frank Magee, Donal Clarke
Ceantar Bhaile Átha Fhirdhia ..... Paul Gallagher
Tuaisceartan Chontae ..... Padraig O'Hora
Deisceart an Chontae ..... Paddy Connolly
Seirbhísí Sláintíochta ..... Keith Hanratty, Peadar McGuinness
Tithíocht ..... Declan McMahon
Forfheidhmiú ..... Vincent Toner
Pleanálaí Sinsearach ..... Gerry Duffy
Pleanálaithe Feidhmiúcháin Sinsearacha ..... Emer O'Callaghan, Marguerite Quinn, Terence Savage,

Oifigeach Ealaíon an Chontae ..... Brian Harten
Cróinéir an Chontae ..... Ronan Maguire
Oifigeach Tréidliachta an Chontae ..... Garret Shine
Príomhoifigeach Dóiteáin ..... Eamon Woulfe
Oibrí Sóisialta Sinsearach ..... Catherine Vaughan
Oifigeach Spóirt agus Caitheamh Aimsire ..... Noel Redmond
Príomhtheicneoir ..... Paddy Birch
Oifigeach Oidhreachta ..... Brendan McSherry
Oifigeach um Chuimsiú Sóisialta ..... Sinead Lally
Oifigeach Turasóireachta ..... Alison Condra
Comhordaitheoirí RAPID ..... Valerie Atherton, Paula Gribben

Senior Staff of Louth Local Authorities ar leanúint

Comhairle Buirge Dhroichead Átha

Bainisteoir Contae..... Conn Murray
Cléireach an Bhaile ..... Des Foley
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearacha ..... Mary T. Daly
Oifigigh Riaracháin..... Jeanne Kiernan, Brona O'Reilly, Marian Whearty
Oifigigh Foirne Sinsearacha..... Mary Gormally, Christine Mullen
Innealtóir na Buirge..... Dermot Agnew
Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha..... Padraig Judge, Martina Sheeran
Príomhoiifigeach Sinsearach Dóiteáin Cúnta..... Joe Lumsden

Comhairle Baile Dhún Dealgan

Bainisteoir Contae..... Conn Murray
Cléireach an Bhaile..... Frank Pentony
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearacha..... Dave Storey
Oifigigh Riaracháin
Tithíocht & Pleanáil..... Jim Byrne
Cuntais ..... Joan Smith
Oifig Chléireach an Bhaile..... John Lawrence
Innealtóir an Bhaile ..... Catherine Duff
Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha..... Peter McVeigh, Pat Stuart
Príomhoiifigeach Dóiteáin Cúnta..... John Cummins

Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Bainisteoir Contae..... Conn Murray
Cléireach an Bhaile..... Mairéad Duffy

Seirbhísí Corparáideacha

Toghcháin Áitiúla Mheitheamh 2009

Eagraíodh toghcháin áitiúla i mí an Mheithimh 2009 chun 59 suíochán a líonadh ar na ceithre údarás áitiúla i gContae Lú. Cláraíodh 89,846 saoránach chun vótáil sna toghcháin agus taifeadadh gur vótáil 55.87% díobh sin sna toghcháin. Choimeád 41 chomhalta amach a gcuid suíochán agus toghadh 18 gcomhairleoir den chéad uair.

	Comhairle Contae Lú	Comhairle Baile Dhún Dealgan	Comhairle Buirge Dhroichead Átha	Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia	IOMLÁN
Comhaltaí nár sheas sna toghcháin	3	3	3	1	10
Comhaltaí ar theip orthu sna toghcháin	5	1	1	3	10
Comhaltaí a atoghadh	20	8	8	5	41
Comhaltaí nua	6	4	4	4	18

I ndiaidh na dToghchán Áitiúil bhí cruinniú bliantúil ag gach ceann de na Comhairlí ag a toghadh Cathaoirleach/Méara agus Leas-Chathaoirleach/Leas-Mhéara.

	Comhairle Contae Lú	Comhairle Baile Buirge Dhroichead Átha	Comhairle Buirge Dhroichead Átha	Baile Átha Fhirdhia Baile Buirge Dhroichead Átha
Méara/Cathaoirleach	An Clr. Jim Darcy	An Clr. Martin Bellew	An Clr. Michael O'Dowd	An Clr. Jim Tenanty
Leas-Mhéara/Leas-Chathaoirleach	An Clr. Jim Lennon	An Clr. Mark Dearey	An Clr. Kevin Callan	An Clr. Fintan Malone

Lena chois sin, cheap na Comhairlí comhalta amháin nó níos mó mar bhaill de raon leathan comhlachtaí seachtracha, lena n-áirítear:

- Coiste Gairmoideachais Chontae Lú
- Comhbhord Adhlacain Dhún Dealgan
- Cumann na gComhairlí Cathrach & Contae
- Fóram Réigiúnach na Teorann Thoir
- Cuideachta Poirt Dhroichead Átha
- Cuideachta Poirt Dhún Dealgan
- Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA)
- Bord Fiontair Chontae Lú
- Comhpháirtíocht Leader Lú
- Údarás Réigiúnach na Teorann
- Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair
- An Fóram Sláinte Réigiúnach
- Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann
- Grúpa Comhairleach Drugaí Dhún Dealga
- Irish Public Bodies Mutual Insurances Ltd.
- Ionad Seirbhísí Pobail Dhroichead Átha
- Ionad Ealaíon an Droichid
- Louth Hospitality Ltd.

An Comhairle Mary Grehan R.I.P.

Ba bhriseadh mór bás an Chomhairleora Mary Grehan i mí an Mhárta 2009. Comhalta ab ea í de Chomhairle Contae Lú agus de Chomhairle Baile Dhún Dealgan. Comhroghnaíodh Alan Grehan, mac an Chomhairleora, le suíochán a mháthar a ghlacadh ar an dá Chomhairle.

Struchtúir Nua Eagraíochtúla

I ndiaidh thoghcháin áitiúla 2009 tapaíodh an deis chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr corparáideach agus eagraíochtúil Chomhairle Contae Lú d'fhonn eagraíocht níos éifeachtaí agus níos líomhchóirithe a bhaint amach agus leas a bhaint as an taithí a bhí againn le cúig bliana anuas.

Coistí Beartais Straitéisigh

Ag a gcruinniú i mí Mheán Fómhair cheadaigh comhaltaí Chomhairle Contae Lú struchtúr Coiste Beartais Straitéisí (CBS) nua comhdhéanta de cheithre CBS in ionad na gcúig cinn a bhí ann cheana. Is iad na ceithre Choiste Beartais Straitéisigh nua agus a gcathaoirligh:

- Forbairt Eacnamaíochta agus Pleanáil don Todhchaí *An Clr. T. Brennan*
- Iompar, Gnóthaí Trasteorann agus Muirí *An Clr. F. Maher*
- Tithíocht, Pleanáil Pobail agus Beartas Sóisialta *An Clr. J. Ryan*
- Uisce, Seirbhísí Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála *An Clr. A. Donohoe*

Chomh maith le comhaltaí tofa Chomhairle Contae Lú tá ionadaithe ag na comhairlí baile agus ag leasa earnála seachtracha ar na coistí seo.

Coistí Ceantair

Chinn an Chomhairle ar atheagar a chur ar struchtúr na gcoistí ceantair trí cheantair Dhún Dealgan Cairlinn agus Dhún Dealgan Theas a chónascadh chun trí choiste ceantair a dhéanamh a bheadh ar aon dul le teorainneacha na dtoghcheantar. Cheap na coistí seo cathaoirligh ar feadh tréimhse bliana suas go Meitheamh 2010.

Coiste Ceantair	Cathaoirleach	Cruinnithe Tionólta
Dún Dealgan Cairlinn/Dún Dealgan Theas	An Clr. Declan Breathnach	An dara Luan de gach mí
Baile Átha Fhirdhia	An Clr. Jim. Lennon	An ceathrú Déardaoin de gach mí
Droichead Átha Thoir/ Droichead Átha Thiar	An Clr. Oliver Tully	An chéad Luan de gach mí

Comhchoistí Póilíneachta

Faoi Acht an Gharda Síochána 2005 tá ceangal ar údaráis áitiúla, i gcomhar leis an nGarda Síochána, comhchoistí póilíneachta a bhunú ina limistéar feidhme. Feidhmíonn na coistí seo mar fhóram ina féidir dul i gcomhairle mar gheall ar phóilíniú na gceantar áitiúil, í a phlé agus moltaí a dhéanamh maidir léi, mar aon le athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéil agus patrúin choireachta, mí-oird agus iompair fhrithshóisialta agus moltaí a thabhairt do na húdaráis áitiúil agus don Gharda Síochána faoin tslí is fearr le dul i ngleic leis na fadhbanna sin. Comhaltaí agus oifigigh de chuid na n-údarás áitiúil atá ar an bhfóram, mar aon le hionadaithe an Gharda Síochána, ionadaithe pobail agus comhaltaí den Oireachtas.

D'fhormheas Comhairle Contae Lú bunú na dtrí Chomhchoiste Póilíneachta bunaithe ar bhailte Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia ar aon dul le struchtúr na gcoistí ceantair agus le ceantair phóilíneachta an Gharda Síochána. Cinneadh chomh maith go mbunófaí Grúpa Stiúrtha de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta comhdhéanta de Chathaoirleach Chomhairle Contae Lú, cathaoirligh na gcomhchoistí póilíneachta, an Bainisteoir Contae agus Ard-Cheannfort an Gharda chun oibriú na dtrí choiste a threorú agus monatóireacht a dhéanamh air.

Comhchoiste Póilíneachta	**Cathaoirleach**
Droichead Átha	An Clr. Frank Maher
Baile Átha Fhirdhia	An Clr. Padraig McKenny
Dún Dealgan	An Clr. Martin Bellew

An Grúpa Beartais Chorparáidigh

Faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001, tá dualgas ar gach comhairle contae coiste a bhunú ar a dtabharfar an Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) comhdhéanta de Chathaoirleach na Comhairle Contae agus cathaoirligh na gCoiste Beartais Straitéisigh. Is í feidhm gach grúpa comhairle agus cúnamh a sholáthar don chomhairle tofa maidir le ceapadh, forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú ar bheartas. Bhí seacht gcinn de chruinnithe ag an GBC le linn 2009 agus shocraigh sceideal de chruinnithe míosúla i dtreo dheireadh na bliana. Príomhaidhm de chuid an ghrúpa ná athbhreithniú a dhéanamh ar chlár oibre chruinniú míosúil na Comhairle. Tá páirt thábhachtach ag an ngrúpa, leis, i gceapadh an bhuiséid bhliantúil agus i réiteach an Phlean Chorparáidigh.

An Plean Corparáideach

Cuireann Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil ceanglas ar gach comhairle contae plean corparáideach nua a cheapadh laistigh de shé mhí ó thoghchán áitiúil. Ráiteas leathan straitéise atá sa Phlean Corparáideach ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhchuspóirí na Comhairle agus ar na prionsabail agus croíluachanna a threoróidh bhaint amach na gcuspóirí. Ghlac an Chomhairle Plean Corparáideach nua don tréimhse 2010-2014 i mí na Nollag 2009. Cuimsíonn an plean naoi gcinn de spriocanna straitéiseacha a bhfuil straitéisí éagsúla mar thaca leo agus a n-aistreofar go gníomhartha i bpleananna oibríochtúla de chuid ranna éagsúla na Comhairle.

Cruinnithe Comhairle

Bíonn cruinniú míosúil ag Comhairle Contae Lú ar an tríú Luan de gach mí agus cruinniú reachtúil buiséadta agus cruinniú bliantúil agus cruinnithe speisialta ó am go chéile de réir mar is gá chun déileáil le ceisteanna mar athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae. Eagraíodh cruinniú amháin ar fhichead le linn 2009.

Tionóladh **Cruinniú Buiséid** an 14 Nollaig 2009 ag ar bhreithnigh an Chomhairle caiteachas ioncaim comhlán de €74,877,843 le haghaidh 2010 agus ghlac ráta bliantúil ar luacháil de €55.08 agus tobhach breise de €1.815 ar son ceantar Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

San áireamh sa tuarascáil a cuireadh faoi bhráid na Comhairle mar aon leis an dréacht-bhuiséad bhí tuairisc ó gach stiúrthóireacht ar an dul chun cinn a rinneadh le linn 2009 i bhfianaise an Phlean Chorparáidigh roimhe chun géilleadh do riachtanais Alt 134 (ii) den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Seirbhísí Do Shaoránaigh

Saoráil Faisnéise

Le linn 2009 rinneadh roinnt iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997/2003. Bhí méadú 29% ar líon na n-iarratas a fuair Comhairle Contae Lú agus Comhairle Buirge Dhroichead Átha i gcomparáid le lion na n-iarratas sa bhliain 2008. Thit lion na n-iarratas a fuair Comhairle Baile Dhún Dealgan de 34% sa bhliain 2009.

	Comhairle Contae Lú	Comhairle Buirge Dhroichead Átha	Comhairle Baile Dhún Dealgan
Líon Iomlán na nIarratas	22	9	4
Pearsanta	3	5	0
Neamhphearsanta	14	4	3
Measctha	5	Nialas	1
Iarratais Dheonaithe	8	7	2
Iarratais Deonaithe i bPáirt	4	Nialas	2
Iarratais Dhiúltaithe	7	2	1
Iarratais aistarraingthe	1	Nialas	Nialas
Iarratais aistarraingthe agus réitithe lasmuigh de SF	1	Nialas	2
Iarratais ar Athbhreithniú Inmheánach	1	Nialas	Nialas
Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	1	Nialas	Nialas
Foinse na nIarratas			
Iriseoirí	3	1	Nialas
Lucht Gnó	3	Nialas	Nialas
Oireachtas	0	Nialas	Nialas
Eile/An Pobal i gCoitinne	13	8	4
Baill Foirne	3	Nialas	Nialas
Gearáin leis an Ombudsman			
Gearáin a fuarthas i gcaitheamh na bliana	5	2	0
Ábhar na nGearán			
Pobal, Caitheamh Aimsire & Taitneamhachtaí			
Seirbhísí Corparáideacha	0	0	
Comhshaol/Forfheidhmiú/Seiceálacha	1	0	
Airgeadas	0	0	
Pleanáil don Todhchaí & Forbairt Eacnamaíochta	1	0	
Tithíocht	2	0	
Pleanáil	0	0	
Iompar	1	1	
Mótarcháin	0	0	
Seirbhísí Uisce	0	1	
Gearáin faoi Chairt na Saoránach			
Gearáin a fuarthas le linn 2009	3	1	2

Clár na dToghthóirí

Mhéadaigh Clár deiridh na dToghthóirí go 88,815 toghthóir le héifeacht ó 15 Feabhra 2009.

Clár Atheagraithe na dToghthóirí

Bhí 3569 ainm ar Chlár Atheagraithe na dToghthóirí le héifeacht ón 15 Feabhra 2009.

Toghcháin le linn 2009

I gcaitheamh 2009 cruthaíodh dhá cheann de chláir fhorlíontacha le haghaidh na dToghchán Áitiúil agus na dToghchán Eorpach i mí an Mheithimh 2009 agus ritheadh an Reifreann um an 28ú Leasú ar an mBunreacht (Conradh Liospóin) i mí Dheireadh Fómhair 2009.

Deontais Ardoideachais

Ghlac Comhairle Contae Lú Scéim na nDeontas Ardoideachais ag a chruinniú den 21 Meán Fómhair 2009. Íocadh €3,050,566 san iomlán ar iarratais ar Dheontais Ardoideachais le linn 2009

Líon na nDeontas Athnuaite a Deonaíodh

ii mBliain Acadúil 08/09	401

Líon na nDeontas i gcás Iarratais Nua a Deonaíodh

ii mBliain Acadúil 08/09	218

Scéim Na Gaeilge

Tá Údaráis Áitiúla Lú ag cur a Scéim Ghaeilge i ngníomh i gcónaí agus tá siad diongbháilte go gcomhlíonfar gach oibleagáid reachtúil maidir leis na gealltanais atá leagtha amach sa Scéim.

I measc na ngealltanas sa Scéim atá á chur i ngníomh i láthair na huaire agus a bhfuil súil a chríochnú i mbliana:

- Cuirfear foirmeacha iarratais agus gach bileog faisnéise a ghabhann le oar fáil sa dá theanga, i ngach oifig agus ar líne
- Beidh an buanábhar ar gach ceann de láithreáin gréasáin na n-údarás áitiúil ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla
- Beidh na seirbhísí idirghníomhacha atá ar fáil i mBéarla anois ar fáil i nGaeilge chomh maith
- Beidh deis ag daoine ríomhíocaíochtaí ar line a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla araon
- Beidh córais TF a mbíonn teacht ag an bpobal orthu ar fáil sa dá theanga, nuair is féidir

Tá oiliúint oiriúnach sa Ghaeilge á lorg ag Údaráis Áitiúla Lú i láthair na huaire le haghaidh ball foirne, chun deimhin a dhéanamh de gur féidir seirbhís leordhóthanach Ghaeilge a sholáthar ar chaighdeán sásúil agus ar éileamh.

Is eol d'Údaráis Áitiúla Lú a oibleagáidí dlíthiúla faoi Rialacháin 2008 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Acht 9) agus tá gach iarracht á dhéanamh acu maidir le fógraí, páipéarachas agus comharthaíocht.

Tá gach iarracht á déanamh ag Údaráis Áitiúla Lú chun misneach a thabhairt don fhoireann an Ghaeilge a labhairt agus féachaint chuige go mbeidh lion leordhóthanach don fhoireann oilte a ndóthain sa Ghaeilge chun seirbhís Ghaeilge a chur ar fáil do chustaiméirí nuair a iarrtar é. Aithnítear go mb'fhéidir nach mar sin atá faoi láthair, ach tá Údaráis Áitiúla Lú tiomanta d'acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar an réimse seo chun go ngéillfear go hiomlán leis an reachtaíocht lena mbaineann agus lena Scéim Ghaeilge féin.

Seirbhísí Tithíochta

Measúnú Ar Riachtanais Tithíochta

Ag deireadh 2009, bhí 759 iarrthóir ar liosta tithíochta Chomhairle Contae Lú, 1,876 iarrthóir ar liosta tithíochta Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus 1,654 iarrthóir ar liosta tithíochta Chomhairle Baile Dhún Dealgan.

Soláthar Tithíochta

Bainistítear soláthar tithíochta tríd an bPlean Gníomhaíochta um Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne faoi mar a aontaíodh leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. I gcás Chomhairle Contae Lú le linn 2009, tugadh forbairtí tithíochta chun críche ag Collann, Tearmann Féichin agus Baile Átha Fhirdhia, agus cuireadh tús le hoibreacha ar chéim 3 de Ghort na Glaise, Na Creagacha Dubha.

Lean athruithe i mbeartas tithíochta ag an leibhéal náisiúnta mheathlú na forbartha eacnamaíochta sa bhliain 2008. Díbhéimníodh ó shin soláthar díreach na tithíochta sóisialta trí fhoirgnimh nua a thógáil. Is é beartas reatha an Rialtais tithíocht shóisialta a sholáthar trí shocruithe léasa le húinéirí réadmhaoine atá anois ann agus forbróirí a bhfuil stoc tithíochta neamhdhíolta acu

Rialáil Na Gcaighdeán Um Thithíocht Ar Cíos

Ag an am céanna leis an bhforbairt bheartais seo, tháinig rialacháin breise i bhfeidhm maidir le caighdeáin réadmhaoine ar cíos le linn 2009 agus ba iad seo a leanas na dátaí tús feidhme

- an 1 Feabhra 2009 i gcás Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin um Thithe ar Cíos) 2008, agus
- an 1 Nollaig 2009 i gcás Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin um Thithe ar Cíos) (Leasú) 2009.

Shocraigh na rialacháin caighdeáin íosta riachtanacha le haghaidh, i measc nithe eile, bail struchtúrach réadmhaoine (airteagal 5 de na rialacháin), saoráidí sláintíochta (airteagal 6) saoráidí téimh (airteagal 7), ullmhú agus stóráil bia agus neachtlann (airteagal 8), agus aerú (airteagal 9). Beidh feidhm ag airteagail 6 go 8 i dtús báire maidir le tionachtaí nua amháin agus ní thiocfaidh siad i bhfeidhm i gcás tionachtaí atá anois ann go dtí 1 Feabhra 2013.

Tithíocht Shóisialta

Ag deireadh 2009 bhí 894 aonad de thithíocht shóisialta ag Comhairle Contae Lú. I gcaitheamh 2008, d'fhaomhaigh an tAire Comhshaoil scéim chun tithíocht shóisialta a athdháileadh agus seo an scéim atá anois in úsáid i ngach leithdháileadh.

Tithíocht Inacmhainne

Le linn 2009, cuireadh 38 aonad inacmhainne le stoc le 19 d'aonaid dá leithéid a bhí ann ón mbliain roimhe. Eagraíodh dhá cheann de laethanta oscailte in eastáit nua tithíochta inacmhainne le linn 2009, mar a raibh tithe taispeántais le feiceáil ag ceannaitheoirí féideartha.

Tá cúlú mór tagtha ar an éileamh ar thithíocht inacmhainne mar thoradh ar dheacrachtaí reatha sa mhargadh tithíochta. Dá bhrí sin, rinneadh aonaid shóisialta de 26 aonad inacmhainne le linn 2009, agus bhí 17 aonad inacmhainne neamhdhíolta le léasú go ceann tréimhse de suas go 5 bliana leis an earnáil tithíochta deonaí le ligean le tionóntaí ó liosta feithimh na Comhairle

Tithíocht Dheonach

Tá taifead seirbhíse dearscna ag Údaráis Áitiúla Lú de bheith ag obair le comhlachtaí deonacha chun aonaid tithíochta deonaí a sholáthar. Lean sé sin ar aghaidh sa bhliain 2009 agus i gcás Chomhairle Contae Lú, tugadh obair chun críche agus cuireadh aonaid ar fáil ag Collann trí Clúid agus ag Sráid Uí Thighearnaigh trí Oaklee.

Tithíocht Riachtanas Speisialta

Sa bhliain 2009, thug Comhairle Contae Lú roinnt tionscadal chun críche chun an stoc atá anois ann a oiriúnú mar a raibh riachtanais speisialta ag tionóntaí. San áireamh seo bhí oibreacha ag Smearamair agus ag Carraig Éamainn

Daoine Gan Dídean

Is é Fóram Chontae Lú do Dhaoine gan Dídean a chomhordaíonn soláthar seirbhísí agus cóiríocht do dhaoine gan dídean agus tá an fóram comhdhéanta de na heagraíochtaí seo a leanas:

- Comhairle Contae Lú,
- Comhairle Baile Dhún Dealgan,
- Comhairle Buirge Dhroichead Átha
- Drogheda Women's and Children's Refuge Centre Ltd.,
- Cumann Cúnaimh Dhroichead Átha do Dhaoine gan Dídean
- Clann Shíomóin Dhún Dealgan,
- Cúnamh Ban Dún Dealgan,
- Naomh Uinseann de Pól,
- Seirbhís Leasa Pobail FSS,
- Seirbhís FSS do Dhaoine gan Dídean,
- An tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa,
- Oifig Aosoideachais Choiste Gairmoideachais Chontae Lú,
- Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí an Oirthuaiscirt,

Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an bhFóram le linn 2009, agus aontaíodh téarmaí teagartha le haghaidh athbhreithniú neamhspleách ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean sa chontae. Bhí an t-athbhreithniú sin, a chuirfeadh san áireamh beartas an Rialtais um sheirbhísí do dhaoine gan dídean a chomhordófar ar bhonn réigiúnach, le déanamh le linn an chéad chuid de 2010, agus beidh sé mar bhonn leis forbairt na Straitéise do Dhaoine gan Dídean. I mí na Nollag chuir an tAire Comhshaoil i bhfios go dtiocfadh Comhairle Contae Lú chun bheith ina Údarás Tithíochta Freagraí maidir le cur i ngníomh an Phlean Ghníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean

Scéim Um Chóiríocht Ar Cíos (Ras)

Tionscnamh is ea an Scéim um Chóiríocht ar Cíos a riarann Údaráis Áitiúla Lú chun tacú lena gcláir tithíochta inacmhainne mar a léasaítear cóiríocht ar ardchaighdeán atá faoi úinéireacht phríobháideach thar ceann tionóntaí cáilithe (daoine a bhfuil buancheart cónaithe acu sa Stát agus a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmacha acu agus atá ag fáil an Fhorlíonta Chíosa ar feadh tréimhse is faide ná 18 mí). Déanann an t-údarás áitiúil conradh leis an tiarna talún go ceann tréimhse ar leith ag cíos aontaithe.

- Ní mór don tiarna talún a bheith cáinchomhlíontach chun dul isteach sa scéim. Ní mór teastas imréitigh chánach a sholáthar i ngach cás.
- Ní mór don chóiríocht a bheith ar ardchaighdeán mar a chinnfidh an t-údarás áitiúil.
- Ní mór don tiarna talún an tionóntacht a chlárú leis an PRTB.
- Caithfidh teastas BER a bheith ar fáil i gcás cóiríochta folaimh.
- Is é an t-údarás áitiúil a ainmníonn na tionóntaí.
- Conradh tripháirteach a bhíonn i gceist a shíníonn an t-údarás áitiúil, an tiarna talún agus an tionónta. Is é an gaol ceannasach an gaol idir an tiarna talún agus an tionónta, agus tá sé faoi rialú ag an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.
- Íocann an t-údarás áitiúil an cíos iomlán gach mí thar ceann an tionónta. Íocann an tionónta méid airgid gach seachtain chun íoctha an chíosa leis an údarás áitiúil. Ríomhtar an cíos de réir Scéim Cíosanna Difreálacha Údaráis Áitiúla Lú.

.

Faigheann 1,500 duine nó mar sin i Lú forlíonadh cíosa i láthair na huaire. Ta 740 díobh sin ag fáil an fhorlíonta ar feadh breis is 18 mí.

Ag deireadh 2009 bhí 173 réadmhaoin i Lú páirteach i scéim RAS.

Tionscnaimh Léasaithe Eile

Forlíontar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos leis na scéimeanna seo a leanas

- scéim léasaithe rialtais le haghaidh tithe inacmhainne neamhdhíolta (léasaítear tithe mar iad le cumainn deonacha tithíochta go ceann tréimhse de suas le 5 bliana, agus cuirtear ar fáil iad ar cíos do theaghlaigh ó líosta feithimh údaráis áitiúil ar an mbonn cíosa céanna le tithe údaráis áitiúil), agus
- tionscnamh léasaithe fadtéarmach (léas de idir 10 agus 20 bliain) mar a léasófar réadmhaoin ón earnáil phríobháideach (ráthófar na cíosanna ar feadh na tréimhse léasaithe ar fad, ach faoi réir athbhreithniú ag brath ar choinníollacha margaidh) agus bainfear úsáid astu chun tithíocht a sholáthar do theaghlaigh ar liostaí feithimh údaráis áitiúil. Leithdháilfear réadmhaoine de réir scéimeanna leithdháilte údaráis áitiúil agus is iad údaráis áitiúla a bheidh i mbun a mbainistiú, a n-árachú, agus a gcothabháil. Ní bheidh an tionscnamh léasaithe seo ar fáil ach d'úinéirí a bhfuil 5 réadmhaoin ar a laghad ar tairiscint acu.

Cothabháil Agus Feabhsú An Stoic Tithíochta

Fuarthas 1,000 iarratas sa bhliain 2009 ar chothabháil an stoic tithíochta atá anois ann i limistéar feidhme Chomhairle Contae Lú, agus bhí trí cheathrú díobh réitithe ag deireadh na bliana. Athchóiríodh breis is 15 teach i limistéar an Chontae tar éis do thionóntaí iad a thabhairt ar ais.

Tugadh suirbhé a bhí á dhéanamh ar thithe i stoc tithíochta sóisialta Chomhairle Contae Lú le roinnt blianta anois, chun críche le linn 2009 agus beidh an suirbhé sin mar bhonn le forbairt an Chláir um Chothabháil Phleanáilte sna blianta romhainn.

Cíosanna Tithíochta

Déanann an Scéim Cíosanna Tithíochta soláthar le haghaidh cíosanna bainteach le hioncam agus athbhreithnítear í gach bliain . Socraítear cíosanna difreálacha ag íosmhéid de €25 sa tseachtain.

Deontais Tithíochta

Thairg Comhairle Contae Lú deontais faoi Scéim Deontas na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, scéim a bhí i bhfeidhm ar feadh roinnt míonna sa bhliain 2009. Seo a leanas na deontais sin.

	No.	TOTAL VALUE
DPGs (Seanscéim) Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas	17	€302,839
HAGanna Deontais Oiriúnaithe Tithíochta	97	€1,348,342
HOPs Áiseanna Tithíochta do Sheanóirí	55	€228,862
MAGanna Scéim deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta	3	€18,000
Iomlán	172	€1,898,043

Iompar

Bonneagar Iartharach Dhún Dealgan Na Hearnálacha Thuaidh Agus Thiar

Tá an bóthar seo á dhearadh fós agus tá cainteanna ar siúl idir forbróirí agus úinéirí talún ar mhaithe le cistiú malartach a fháil chun an chuid seo den bhóthar a chur ar fáil.

Nais Leis An Ngeata – Dún Dealgan Go Carraig Mhachaire Rois

Tugadh tógáil roinn an Phortaigh Rua de Bhóthar Dhún Dealgan/Charraig Mhachaire Rois chun críche i Samhain 2009, trí mhí roimh an dáta sceidealta. Cuid de bhealach beartaithe Dhún Dealgan - An Chabháin is ea an chuid seo. Tá Comhairle Contae Lú, mar aon le Comhairle Contae an Chabháin agus Mhuineacháin, i mbun athbhreithniú ar bhealach Dhún Dealgan Thoir-Thiar go Sligeach.

Droichead Caol Uisce

Tugadh an réamhdhearadh agus roghnú an bhealaigh chun críche sa bhliain 2008 agus ba é droichead staghchábla an droichead roghnaithe. Rinneadh Breithmheas Eacnamaíochta sa bhliain 2009 ach ní féidir dul níos faide go dtí go mbeidh airgeadas faighte.

Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia – An Roinn Thiar

Leanadh de bheith ag ceannach talún le linn 2009.

Bóthar Dhún Dealgan Go Baile Na Lorgan N53 – Roinn Bhaile Bharúin Go Baile Nua Dealgan Roinn Bhaile Nua Dealgan

Roinneadh an scéim ina dhá chéim agus d'fhormheas an Chomhairle an Chuid 8 le haghaidh Chéim 1, i mbailte fearainn Bhaile Bharúin, Bhaile Philib, Pháirc na bhFia agus An Ráth Mhóir i mí Iúil 2009.

Scéim Feabhsúcháin Shráidbhaile Thulach Álainn

Tugadh an scéim chun críche sa bhliain 2009 agus soláthraíodh cosáin nua agus uasghrádaithe, soilsiú poiblí, siltean, athdhromchlaí ar bhóithre, comharthaíocht agus marcanna bóthair.

Comharthaíocht ar Bhóithre Réigiúnacha

I gcomhar leis an Roinn Iompair thug Comhairle Contae Lú faoi athchóiriú iomlán ar an treo-chomharthaíocht ar bhóithre réigiúnacha ar fud an chontae. Mar thoradh air seo i gcomhar leis an athchóiriú a rinne an NRA ar chomharthaí ar bhóithre náisiúnta tá comharthaí ceann scríbe comhsheasmhach ar líonra na mbóithre náisiúnta agus réigiúnacha ar fud an chontae.

Iosta Woodlands

I gcomhar le Celtic Road Group, d'athfhorbair Comhairle Contae Lú a iosta cothabhála i lár Lú ag Woodlands, Dún Léire. Is mór an feabhas a chuir an tsaoráid seo ar acmhainn cóiríochta agus stórála na foirne cothabhála sa cheantar seo.

Staidéar Iompair

Cuireadh tús i mí Mheán Fómhair 2009 ar athbhreithniú ar sheirbhísí iompair do phaisinéirí, agus tá súil leis an tuarascáil dheiridh i mí Feabhra 2010.

Staidéar ar an gCósta

Cuireadh tús leis an bpróiseas faoina cheapfar Comhairligh chun Measúnú ar an mBaol Tuile do Dhún Dealgan agus ceapfar comhairleach go luath sa bhliain 2010.

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil 2009

Cuireadh cúig cinn de scéimeanna i gcrích i gcodanna éagsúla den chontae ag costas de €127,213.00.

An Scéim Ranníocaíochta Áitiúla

Tugadh deich gcinn de scéimeanna chun críche le buiséad de €94,170.00

Oibreacha Um Fheabhas Ar Shábháilteacht

Fuarthas deontais íoschostais um fheabhas ar shábháilteacht ón NRA agus ón Roinn Iompair. San áireamh sna hoibreacha a tugadh chun críche bhí
:

- Suirbhé topagrafaíoch mar ullmhúchán do dhearadh chun roinn den N52 (Droichead Fane go M1) a bhfuil droch-bhail air a ailíniú. Cuireadh comharthaí maolaithe tráchta in airde chomh maith.
- Siltean, comharthaíocht agus marcanna bóthair feabhsaithe ar roinn chaol den R173-298 ag Corr na Muclach, Ó Méith.
- Comharthaíocht fheabhsaithe bóthair ar roinn 3km den R178-62 den bhóthar ó Dhún Dealgan go Carraigh Mhachaire Rois.
- Dromchla neamhsciorrach, marcanna agus comharthaíocht feabhsaithe ar cor ar an R173-140 ag Bush, Cairlinn.
- Oileán tráchta tógtha, mar aon le comharthaíocht, athdhromchlú bóthair agus marcanna ag acomhal ag Dúiche na mBráthar LP-1172-0.
- Feabhas ar línte radhairc trí líne stad agus marcanna ar an líne láir a bhogadh, comharthaí a chur in airde ar achomhal R171 ag An Ghráinseach.
- Miontimpeallán agus an chomharthaíocht agus na marcanna bóthair a ghabhann leis a sholáthar ag Baile Uí Cheallaigh (LP-2275-0), acomhal LP-2275-0 agus LS-6277-0.
- Marcanna barraí luais agus marcanna acomhail bhóthair a sholáthar ag acomhal den LP-2307-24 leis an R166, Tigh Líobáin.
- Marcanna barraí luais agus marcanna bóthair acomhail ag acomhal den LS-56237-0 with R166, Béilinn.

An Clár Sábháilteachta Bóthair 2009

Bhí cruinnithe ráithiúla ag foireann na n-údarás áitiúil agus baill de Chór Tráchta Bóthair an Gharda Síochána de Chlár Lú Thuaidh, Láir agus Theas um Chosc Imbhuailtí.
Bhí dhá cheann de chomharthaí teora luais agus soilse gealánacha i bhfeidhm ag an gComhairle chun aire tiománaithe a dhíriú ar ócáidí ina sáraíonn siad an teora luaise ag láithreacha éagsúla, agus chuir sé sin laghdú ar luas ag na láithreacha sin.

Le linn 2009, cuireadh an clár **Sirriam an Chrios Sabhála**, a thaispeánann a thábhachtaí is atá sé go gcaithfeadh leanaí óga criosanna sábhála, ar fáil deo shé cinn déag de bhunscoileanna an chontae. Cuireadh oiliúint sláinte agus sábháilteachta ar Mhaoir Scoile Aosacha ar fud an chontae. D'urraigh an Chomhairle éadaí ardinfheictheachta i gcaitheamh na bliana le haghaidh Bunscoil Thigh an Iúir, Seachtain Shábháilteacht ar Bhóithre DKIT agus tionscnaimh an shábháilteacht bóithre de chuid an Gharda.

Bhí áthas ar an RSO cabhrú leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre uair amháin eile chun poiblíocht a sholáthar dá seó bóthair maidir le srianta suíochán do leanaí "**Seiceáil go nOireann sé**" a thug cuairt ar Pháirc Miondíola Dhroichead Átha i mí na Bealtaine.

Bhí an Chomhairle páirteach in dhá cheann de thionscnaimh i Seachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre i mí Dheireadh Fómhair. D'ainmníomar Matthews Coaches (i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin) do **Dhuaiseanna Sábháilteachta ar Bhóithre RSA Leading Lights** as a gcleachtais sábháilte tiomána. Bhuaigh an chuideachta an duais sa chatagóir sábháilteachta ar bhóithre d'eagraíochtaí agus an duais fhoriomlán chomh maith. I gcomhar le comhghleacaithe sa Mhí, i Muineachán agus sa Chabhán, d'eagraigh RSO Lú agus FSS i dteannta a chéile **Oícheanta Eorpacha gan Timpistí** i gclub oíche i ngach ceann de na ceithre chontae (club oíche Amber i nDún Dealgan). Mhisnigh saorálaithe mac léinn DKIT daoine óga ag dul isteach i gclubanna oíche "tiománaí ainmnithe" a cheapadh don oíche. Tugtar banda riosta don "tiománaí ainmnithe" agus ar fhágáil an chlub oíche dó tugann sé sampla anála do shaorálaithe le go bhfeicfear ar chomhlíon sé an ghealltanas.

Chun aitheantas a thabhairt do ***Lá Cuimhneacháin an Domhain d'Íospartaigh Timpistí Bóithre*** rinne an RSO teagmháil le gach sainaicme chreidimh ar fud na tíre ag iarraidh orthu fógra a léamh amach agus coinneal a lasadh i gcuimhne ar dhaoine a cailleadh i dtimpistí bóthair.

CBS Bonneagair

Le linn 2009 bhreithnigh an CBS Bonneagair beartais maidir le tógáil i gcúram eastáit tithíochta agus tabhairt isteach teorainneacha leasaithe luais.

Bainistiú Comhshaoil ISO 14001

Choimeád an Stiúrthóireacht Iompair creidiúnú ISO 14001 as Córais Bhainistíochta Comhshaoil ar a fheidhm bóithre, duais a bhí faighte aige cheana.

Seirbhísí Uisce

Seachadadh Seirbhíse

Aistríodh cúram as gach táirgeadh uisce i gContae Lú go Comhairle Contae Lú sa bhliain 2009. Lean Dún Dealgan agus Droichead Átha de bheith ag cothabháil líonraí seirbhísí uisce de réir chomhaontuithe Alt 85 faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001. Cuireadh socruithe i bhfeidhm chun go mbaileoidh an Chomhairle Contae gach ioncam neamhtheaghlaigh sna bailte agus go táillí a ghearradh ar na bailte as seirbhísí uisce a cuireadh ar fáil do chustaiméirí teaghlaigh ó 2010.

Comhlíonadh Rialachán

Cuireadh iarratais ar aghaidh faoi na dátaí deiridh reachtúla i gcaitheamh na bliana don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar cheadúnais innealra cóireála dramhuisce agus níl aon iarratas amuigh anois. Ní bhfuarthas aon chinneadh go fóill ón nGníomhaireacht maidir le haon cheann de na hiarratais a rinneadh go dtí seo. Dealraíonn sé go gcosnóidh sé mórchuid airgid sa todhchaí géilleadh do na coinníollacha ceadúnais.

I gcás soláthairtí uisce leanadh de bheith ag déanamh infheistíocht shuntasach i gcórais monatóireachta agus i mbearta eile chun géilleadh do riachtanais na Gníomhaireachta. Tá móroibreacha uasghrádaithe fós ar siúl ag Steach Luíne. Rinneadh oibreacha móra ag Droim Chatha, Halla na Rós, Baile Átha Fhirdhia agus Ó Méith le linn 2009 agus leanfaidh sé isteach in 2010. Tá costais mhóra i gceist leis an leibhéal méadaithe monatóireachta ar cháilíocht uisce atá riachtanach. Tugadh chun críche chomh maith i mbliana suiteáil trealaimh chun déileáil le ceisteanna luaidhe i soláthar uisce óil Dhún Dealgan.

Caomhnú Uisce

Baineadh amach laghdú suntasach in inchur uisce sna líonraí dáileacháin i gcaitheamh na bliana trí chur i ngníomh leanúnach an tionscadail Chaomhnaithe Uisce a fuair cistiú substaintiúil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Sa todhchaí tá i gceist díriú ar ár n-acmhainní caomhnaithe uisce féin chun laghdú eile a bhaint amach i gcaillteanais, ag baint úsáide as na scileanna agus na córais atá forbartha againn.

Gléasraí Nua

Tugadh chun críche i gcaitheamh na bliana saoráidí cóireála ag Droichead an Chnoic, Baile an Tallúnaigh, Collann agus Sráidbhaile Lú, a chuir feabhas ar chaighdeán na cóireála agus a sholáthair acmhainn theoranta eile chun forbairt a éascú.

Comhshaol

Bainistíocht Dramhaíola

Lean Comhairle Contae Lú de bheith ag obair leis na húdaráis áitiúla eile sa réigiún chun na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthuaiscirt a bhaint amach. D'athstiúir an tseirbhís phíolóta boscaí bruscair donna i nDún Dealgan, i mBaile Átha Fhirdhia agus sna Creagach Dubha méideanna móra de dhramhaíl orgánach ó láithreacha líonta talún agus rinneadh dul chun cinn le pleananna chun an tseirbhís a leathnú chuig gach ionad sa chontae a bhfuil daonra d'os cionn 1500 aige. Tugadh faoi roinnt tionscnamh chun feasacht a mhúscailt ar an tslí cheart leis an araid dhonn a úsáid, agus bhí imeachtaí ag ollmhargaí san áireamh anseo.

Athchúrsáil

Fuarthas torthaí den scoth arís sa bhliain 2009 ar iarrachtaí athchúrsála i Lú: sáraíodh gach curiarracht a bhí roimhe ann i dtaca le tonnáiste athchúrsáilte ag an líonra de bhainc 'Fág Anseo' ar fud an chontae. Tugadh faoi thionscnaimh íoslaghdaithe dramhaíola agus athchúrsála le grúpaí pobail agus scoileanna.

Mar thoradh ar fheidhmíocht láidir an chontae i dtaca le hathchúrsáil mar aon le forfheidhmiú éifeachtach na rialachán pacáistithe bronnadh duais **Údarás Áitiúil Repak na Bliana** ar Chomhairle Contae Lú don dara huair dtrí bliana.

Láthair Líonta Talún na hAbhann Bán

D'oibrigh an láithreán líonta talún de réir na gcoinníollacha a leagadh amach sa cheadúnas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le linn 2009. Bhí cruinnithe ag oifigigh na Comhairle agus cónaitheoirí áitiúla go rialta chun dea-chleachtas a chinntiú maidir le bainistiú an láithreáin agus sa bhliain 2009 bhain an láithreán caighdeán ISO 14001 mar thoradh ar fheabhsuithe i mbainistíocht an láithreáin. Ní nach ionadh go bhfuil éifeacht ar an gcor chun donas sa gheilleagar ar an tionscal dramhaíola i gcoitinne agus cuireann sé sin dúshláin mhóra i gcónaí faoin gComhairle atá ag oibriú an láithreáin agus faoi na soláthraithe seirbhísí ó thaobh teacht isteach de.

Forfheidhmiú Rialachán Dramhaíola

Bhí forálacha na reachtaíochta comhshaoil á chomhlíonadh i gcónaí ag Comhairle Contae Lú mar a éilíonn an reacht.

San áireamh sa chomhlíonadh sin bhí cigireachtaí chun géilliúlacht a chinntiú le reachtaíocht faoi Fhreagrachtaí Táirgeoirí, lena n-áirítear an Tobhach na Málaí Plaisteacha, an Tobhach Plaisteach Feirme, Feithiclí Deireadh Saoil, WEEE, Pacáistiú, Cadhnraí agus Rialacháin maidir le Boinn.

Tugadh iniúchtaí chun críche chomh maith ar shaoráidí dramhaíola, ar shealbhóirí ceada bailithe dramhaíola agus ar cheadúnais um dhoireadh eisiltigh, agus ar phointí seiceála bóthair i gcomhar leis an nGarda Síochána. Bhí gearáin á bhfáil i gcónaí, imscrúdaíodh iad agus tionscnaíodh imeachtaí nuair ba chuí.

Uair amháin eile caitheadh roinnt mhór airgid sa bhliain 2009 maidir le obair a ghabhann le láimhseáil agus diúscairt fotháirgí gníomhaíochtaí neamhdhleathacha sciúrtha díosail i gceantar na teorann.

Bainistíocht Bhruscair

Lean na trí údarás bruscair sa chontae de bheith ag forfheidhmiú an Acht Bhruscair i gcaitheamh na bliana agus uair amháin eile bhí líon na bhfíneálacha a chláraigh an contae maidir le bruscar (928) ar cheann de na líonta ba mhó sa tír. Comhlánaíodh cur chuige seo an 'bhata' le cur chuige 'an chairéid', trí shraith d'imeachtaí chun feasacht a mhúscailt ar bhruscar, cuairteanna ar scoileanna agus tacaíocht do Ghlantachán an Earraigh ina ndeachaigh breis is 4,000 saorálach amach ar shráideanna Lú chun an contae a ghlanadh.

Clár Comhshaoil na Scoileanna

Ag deireadh bliana b'ábhar mórtais don chontae go raibh **51 Bratach Glas** againn a chruthaigh go bhfuil cláir bhainistíochta dramhaíola agus bruscair den scoth i bhfeidhm ar fud an chontae. Tá Pleananna Bainistíochta Fuinnimh agus Caomhnaithe Uisce i bhfeidhm chomh maith ag mórchuid de na scoileanna atá páirteach i scéim na mbratach glas agus tá cuid de na scoileanna is túisce a bhí rannpháirteach tar éis Plean Gníomhaíochta um Thaisteal Inbhuanaithe a ghlacadh. Bhí níos mó scoileanna ná riamh rannpháirteach i Scéim Duaiseanna na mBunscoileanna áitiúla.

Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara

Bhí níos mó bailte ná riamh rannpháirteach sa bhliain 2009 i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Chuaigh 24 ionad isteach sa chomórtas agus is é Lú an t-aon chontae in Éirinn fós a bhuaigh ceithre Bhonn Óir.

Bhuaigh Baile an Tallúnaigh, i lár Lú, an **Duais Náisiúnta d'Ionad Fág Anseo** agus an **Duais Náisiúnta 'Can It'** mar aon leis an **Duais Réigiúnach** le haghaidh Réigiún Lár na Tíre Thoir.

Caighdeán an Uisce

Rinneadh dul chun cinn mór i gcaitheamh na bliana ar phleananna Bhainistíocht Abhanntrachta agus cuirfear tús leis an gcéad timthriall, go dtí 2015, sa bhliain 2010.

Bhí monatóireacht á déanamh i gcónaí ar chaighdeán an uisce shnámha agus chomhlíon sé an caighdeán riachtanach. Choimeád Lú an Bratach Gorm cáiliúil dá tránna ag Baile an Teampaill agus ag An Port agus fuair Ceann Chlochair Bratach Gorm don chéad uair le blianta.

Bainistíocht Fuinnimh

Chun cur le hiarrachtaí bainistíochta fuinnimh Chomhairle Contae Lú, tugadh tionscadal ar aerú éighníomhach i Halla an Chontae chun críche i mí na Nollag 2009, chun costais fuinnimh a laghdú. Fuarthas 70% den chistiú le haghaidh an tionscadail seo ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann.

Sábháilteacht Bhia

Bhí an obair seirbhíse conartha don FSAI ar sceideal i gcónaí sa bhliain 2009. Rinneadh breis is 250 cigireacht agus 16 iniúchadh iomlán i gcaitheamh na bliana.

Póna Ainmhithe

D'éirigh leis an póna líon mór ainmhithe a ath-theaghlachú. Fuarthas bailte nua do 92% den 712 madra a tháinig isteach sa phóna le linn 2009. Tá líon na gceadúnas chomh hard is a bhí riamh: ceannaíodh breis is 7,000 ceadúnas sa bhliain 2009. Choimeád an póna caighdeán comhshaoil ISO14001.

Ceist mhór ab ea leas na gcapall sa bhliain 2009. Tugadh 29 capall isteach sa phóna, cuid acu a raibh an-droch-bhail orthu. Meastar gurb é an cor chun donais sa gheilleagar ba chúis le cuid de na capaill seo a bheith i gcruachás.

Seirbhísí Éigeandála

Glaodh Seirbhís Dóiteáin Dhún Dealgan amach 649 uair agus Seirbhís Dóiteáin Dhroichead Átha 747 uair le linn 2009. D'fhreastail seirbhísí dóiteáin Bhaile Átha Fhirdhia, Chairlinn agus Dhún Léire ar 300 teagmhas nó mar sin sa bhliain. Tá comhsheirbhís freastail aontaithe agus curtha i ngníomh ag Seirbhísí Dóiteáin Lú i gcomhar le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann maidir le ceithre cinn de bhóithre trasteorann. Eagraíodh freachnamh trasteorann chun an comhfhreastal nua a thástáil i Samhain 2009.

Cuireadh raon seirbhísí oiliúna dóiteáin ar fáil i gcaitheamh 2009, lena n-áirítear cúrsaí nua ar fhorbairt bhainistíocht oifigeach agus ar chomhrac dóiteáin ar chnoic.

Cuireadh raon seirbhísí oiliúna dóiteáin ar fáil i gcaitheamh 2009, lena n-áirítear cúrsaí nua ar fhorbairt bhainistíocht oifigeach agus ar chomhrac dóiteáin ar chnoic.

Dhírigh an Rannnóg um Chosc Dóiteáin ar leithlanna agus ar thithe altranais le haghaidh cigireachtaí sábháilteachta dóiteáin sa bhliain 2009. Próiseáladh 96 iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteáin sa bhliain 2009, síos ó 185 iarratas sa bhliain 2008.

Chuir pearsanra ó Sheirbhísí Dóiteáin Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Chontae Lú Clár Sábháilteachta ó Dhóiteáin na mBunscoileanna ar fáil i ngach scoil i Lú le linn 2009.

D'eagraigh agus d'óstáil Lú freachnamh rathúil Cosanta Sibhialta i nDroichead Átha i nDeireadh Fómhair 2009.
.

Pleanáil Don Todhchaí

Bunaíodh Aonad Pleanála don Todhchaí ar leith sa bhliain 2008 agus tá sé i bhfeidhm go hiomlán anois agus ag comhlíonadh na gcaighdeán is airde. Ba iad an dá éacht a bhain an tAonad amach sa bhliain 2009 ná Plean Forbartha Contae Lú 2009-2015 agus Plean Forbartha Dhún Dealgan agus a Phurláin a tháirgeadh agus a threorú tríd na próisis reachtúla. Tháinig an dá phlean i bhfeidhm go dlíthiúil go déanach sa bhliain 2009.

Cuireadh tús le hathbhreithniú sa bhliain 2009 ar Phlean Forbartha Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 2005-2011. Ní mór plean nua a réiteach le linn 2010 don tréimhse 2011-2017. Faoi mar a bhí le pleananna an Chontae agus Dhún Dealgan, is obair mhór í tabhairt faoi phlean nua do Bhuirg Dhroichead Átha agus déanfar é ag an am céanna le réamhthaighde ar athbhreithniú ar phleananna áitiúla ceantair Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire. Bhí an tAonad Pleanála don Todhchaí bainteach chomh maith le hathbhreithniú ar na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Cheantar na Teorann agus tá obair ar bun chun tionscnamh Comhchathracha an Iúir agus Dhún Dealgan a bhrostú.

Bunófar pleananna na Chontae agus Dhún Dealgan agus gach plean feasta a réiteodh an tAonad ar theimpléad nua corparáideacha a sholáthróidh svuít pleananna spásúla don Chontae a bheidh furasta a réiteach agus a mbeidh an leagan amach cineálach céanna orthu ar fad. Léiríonn na pleananna forbartha éagsúla atá á réiteach ag an Aonad Pleanála don Todhchaí na hathruithe ó bhun atá ar siúl faoi láthair ar an gcóras náisiúnta pleanála. I measc na n-athruithe sin tá cineálacha nua cur chuige i leith ceisteanna comhshaoil, iompair, dearaidh uirbigh, fuinnimh agus tuilte agus tuilleadh nach iad. Mar thoradh ar lear mór treoirlínte náisiúnta agus réigiúnacha ar an ceisteanna thuas agus ar cheisteanna eile tugadh míreanna nua isteach sa phróiseas pleanála don todhchaí a fhágann go bhfuil réiteach na bpleananna forbartha níos casta anois iad ná riamh.

In ainneoin na treorach agus na mbeartas breise, is é atá sna pleananna go príomha i gcónaí ná an gormchló bunaidh fisiceach d'fhorbairt fhisiceach an Chontae. Tugann siad cuntas garbh ar chuspóirí talamhúsáide na n-údarás áitiúil i gceantair ar leith, mar shampla eolas faoi na húsáidí cónaithe, tráchtála, tionsclaíocha nó measctha ab oiriúnaí. Faightear sna pleananna chomh maith oibreacha ar leith a bhfuil sé i gceist ag an údarás áitiúil a chur i gcrích le linn thréimhse an phlean. San iomlán, treoir is ea na pleananna d'fhorbróirí agus d'infheisteoirí príobháideacha maidir le foirm, nádúr agus méid na forbartha a bheadh inghlactha ag láithreacha éagsúla. Sa mhéid seo, d'oibrigh an tAonad Pleanála don Todhchaí go dlúth leis an Aonad Forbartha Eacnamaíochta den Chomhairle le linn 2009.

I gcaitheamh 2009 tugadh mionteagaisc don Choiste Beartais Straitéisí um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Pleanáil don Todhchaí maidir le:

- Aighneacht Údaráis Áitiúla Lú chuig an athbhreithniú ar na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Cheantar na Teorann
- Clár oibre an Aonaid Phleanála don Todhchaí don bhliain 2010

Forbairt Eacnamaíochta

Fóram Eacnamaíochta Lú

Bunaíodh Fóram Eacnamaíocht Lú in Údaráis Áitiúla Lú sa bhliain 2009 faoi cheannas Padraic White, iar-phríomhfheidhmeannach ar IDA Ireland, an ghníomhaireacht Stáit a bhfuil sé de chúram air infheistíocht dhíreach isteach a mhealladh go hÉirinn. Tugann an Fóram le chéile gach ceann de ghníomhaireachtaí an Stáit a bhfuil baint acu leo siúd a ghineann gníomhaíocht eacnamaíochta sa chontae agus is láthair gach gnó é d'infheisteoirí féideartha. Gormchló d'Fhóram Eacnamaíochta Lú is ea staidéar dar teideal "Straitéis Forbartha Eacnamaíochta Chontae Lú (2009-2015)" arna choimisiúnú ag Údaráis Áitiúla Lú ó Indecon International Economic Consultants, agus múnlóidh a moltaí siúd obair Fhóram Eacnamaíochta Lú sa todhchaí.

Seo a leanas na gníomhaireachaí a bhfuil ionadaithe acu ar an bhFóram:

- Údaráis Áitiúla Lú
- Comhlachtas Tráchtála Dhroichead Átha & Ceantair
- Pobal Gnó Bhaile Átha Fhirdhia,
- Comhlachtas Tráchtála Dhún Dealgan
- Bord Fiontair Contae Lú
- Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
- Fiontraíocht Éireann
- IDA Ireland
- FÁS
- Fuinneamh Inmharthana Éireann
- Teagasc
- Fáilte Ireland

Is iad príomhaidhmeanna Fhóram Eacnamaíochta Lú:

- Lú a chur chun cinn mar an chontae ab fhearr in Éirinn le dul i mbun gnó ann.
- Dul i mbun oibre le gnóthais nua atá ag smaoineamh ar iad féin a bhunú sa chontae agus a chinntiú go bpléitear gach ceist údaráis áitiúil a bhaineann leis an ngnó nua go sásúil agus go tráthúil.
- Teagmháil agus obair a dhéanamh le gnóthais atá bunaithe sa chontae cheana agus cabhrú leo le haon cheisteanna atá acu a bhaineann le húdaráis áitiúla
- Contae Lú a chur chun cinn agus a chur ar an margadh mar cheann scríbe turasóireachta agus oidhreachta
- Timpeallacht agus dálaí a chruthú inar féidir le gníomhaíocht eacnamaíochta tarlú agus inar féidir poist a chruthú
- Cabhrú chun timpeallacht oibriúcháin a chruthú bunaithe ar sholúbthacht, luas, cumas, acmhainn agus saineolas

Cheap Fóram Eacnamaíochta Lú plean naoi bpointe sa bhliain 2009 inar aithníodh réimsí ar leith nár mhór aghaidh a thabhairt orthu sna trí bliana amach romhainn. Bunaíodh tascghrúpa le haghaidh gach ceann de na réimsí agus sna trí bliana amach romhainn ullmhófar plean gníomhaíochta ina dtabharfar aird ar leith ar na nithe seo a leanas

- Infheistíocht Dhíreach ón gCoigríoch
- Tionsclaíocht Dhúchasach
- Fuinneamh Inmharthana
- Oideachas agus oiliúint
- Turasóireacht agus Oidhreacht
- Talmhaíocht agus Iascaireacht
- Seirbhísí Leathanbhanda
- An Contae is fearr chun Gnó a dhéanamh de Lú
- Conair Eacnamaíochta Dhroichead Átha Dhún Dealgan an Iúir

Agus na pleananna sin á n-ullmhú, cuirfidh gach ceann de na foghrúpaí éagsúla gnéithe breisluacha seo a leanas an chontae:

- Suíomh dósháraithe idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste i gceartlár Chonair Eacnamaíocht Oirthear na hÉireann
- An dá bhaile is mó in Éirinn
- Bonneagar den chéad scoth
- I mbun forbartha go mear mar réigiún 'Cathair Ghlas'
- Cultúr fiontraíocha agus dearcadh "is féidir é"
- Lucht saothair ardoilte agus táirgiúil
- Contae trialach i gcás tionscnamh áirithe a fuair cistiú rialtais
- Caighdeán beatha den scoth
- Dealraíonn sé go bhfásfaidh an daonra go 190,000 faoin mbliain 2015.

Meastar go mbeidh an Plean Gníomhaíochta um Infheistíocht Dhíreach ón gCoigríoch ar fáil i mí Feabhra 2010 agus níos déanaí sa bhliain chéanna cuirfear an Plean Gníomhaíocht do Thionsclaíocht Dhúchasach ar fáil, agus ina dhiaidh sin an Plean Gníomhaíocht um Fhuinneamh Inmharthana.

Tionscnamhíísealcharbóin

Bunaíodh **Tionscnamh Ísealcharbóin** anseo i Lú ar comhpháirtíocht é idir an t-údarás áitiúil, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DKIT) agus Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan agus tionscnamh réigiúnach/uile-oileáin a bheidh ann. Tá plean gnó á réiteach againn faoi láthair. Sé ghné atá i gcoincheap an tionscnaimh ísealcharbóin agus ceapadh é chun nuáil a chothú i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin trí:

- Láithreacha inniúlachta a cheapadh i réimse na ngreillí cliste agus na líonraí ceantair bhaile.
- Bithbhreosla, micreaghaoth go norm AE, méadarú cliste agus pumpaí teasa a thástáil.
- Saotharlanna nua a thriail le haghaidh teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochta comhcheangailte agus taighde feidhmeach.
- Oiliúint i réimse na bpobal fuinnimh inathnuaite trí dhea-chleachtas.
- Cabhrú lenár gcuideachtaí dúchasacha agus le cuideachtaí infheistíochta dírí isteach lena gcuid bainistíochta ar fhuinneamh agus chun iomaíochas a fheabhsú.
- Forbairt gnóthas nua.
- Cuideachtaí atá bainteach leis cheana. Glendimplex, tionscadal Netwell, Oriel Wind, Cool power, IBM.

Dún Dealgan 2020 – Tionscadal Iomlánaíoch

Tionscnamh a fuair cistiú ó EC Concerto is ea Dún Dealgan Iomlánaíoch agus tá sé suite i gcrios ar leith fuinnimh inmharthana a chlúdaionn gach mír den phobal – áiteanna cónaithe, ospidéal, gnóthais, fóillíocht srl. agus tá sé ag dul i ngleic leis na dúshláin atá i gceist i dtodhchaí níos inbhuanaithe a chruthú don Eoraip ó thaobh riachtanais fuinnimh de. Léiríonn an Tionscnamh Iomlánaíoch an tslí ar féidir comharsanachtaí ísealfuinnimh nasctha le soláthar fuinnimh inmharthana a fhíorú ar scála Eorpach. Cuireann sé chun cinn comhtháthú bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus córais fuinnimh inathnuaite trí dhíriú ar aisfheistiú agus tógáil foirgneamh atá an-tíosach ar fhuinneamh agus a bhfuil teicneolaíochta inathnuaite i gceist leo chomh maith. Is í Comhairle Contae Lú atá i gceannas ar an Tionscadal Iomlánaíoch agus chomhchistíonn Comhairle Contae Lú agus Fuinneamh Inmharthana Éireann costas an bhainisteora tionscadail. Ceathrar comhpháirtí is fiche atá i gceist, cuid acu ón earnáil phríobháideach, cuid eile ón earnáil phoiblí. Is iad na pobail atá i gcomhphairtíochta le ar mhór-roinn na hEorpa Modling (an Ostair), Neuchatel (an Eilbhéis) agus tá pobail bhreathnadóireachta san Iúr agus Múrna, in Aachen (an Ghearmáin) agus sa Roinn Comhshaoil (an Iodáil). Fuairearma €10.7m ó chlár Concerto an AE: fuair Dún Dealgan €3.5m chun na spriocanna seo a leanas a bhaint amach faoin mblian 2010 sa Chrios Fuinnimh Inmhartha:

20% den teas a úsáidtear a bheith ag teacht ó fhoinsí inathnuaite

20% den leictreachas ó fhoinsí inathnuaite

40% níos tíosaí ar fhuinneamh laistigh d'fhoirgnimh áirithe

Ní fada nó go mbeidh na spriocanna sin bainte amach againn.

Samplaí den thionscadail a rinneadh go dtí seo:

• Córas Téimh Ceantair	Comhfhiontar ESCo (á choimisiúnú i láthair na huaire)
• Tuirbín gaoithe 1.8mw	Comhfhiontar ESCo (Comhpháirtíocht Phoiblí Phríomháideacha á phlé)
• Soilsiú Sráide (inathnuaite)	Páirc Ghnó IDA (miontuirbíní gaoithe / gréine / fótavoltach
• Tithíocht (Shóisialta)	DTC Feabhas 40% ar thíosacht ar fhuinneamh i 100 teach
• Méadair chliste suiteáilte i dtithíocht shóisialta (Muirtheimhne Mór	(100) BSL (tugtha chun críche) Tuarascáil agus staidéar comparáide ar ghnéithe iompraíochta

Go dtí seo spáráil cuideachtaí sa chrios fuinnimh inathnuacha €1m ar thíosacht ar fhuinneamh agus d'ísligh a lorg carbóin de 5000 tonna (mar a taifeadadh ag deireadh Nollaig 2008).

An Tseirbhís Oidhreachta

Bliain dhúshlánach ab ea 2009 ach bliain rathúil ab ea í ag an am céanna. In ainneoinn an bhfadbhanna móra cistithe, a chuir cosc le feidhmiú fhormhór na dtionscadal sa phlean oidhreachta a bhí le cur i ngníomh i gcaitheamh na bliana, bliain ghnóthach rathúil ab ea í d'oifig oidhreachta Lú.

Cuireann an Chomhairle Oidhreachta fóirdheontas 25% ar fáil d'Údaráis Áitiúla Lú mar thacaíocht le post an oifigigh oidhreachta. Bhí luach iomlán na ndeontas a fuuair iarrthóirí Contae Lú sa cheathrú áit i scéim deontais 'Oidhreacht Áitiúil' na Comhairle Oidhreachta sa bhliain 2009.

Bhí páirt mhór ag an oifigeach oidhreachta sa phleanáil don todhchaí sa bhliain 2009, nuair a táirgeadh pleananna (nó treoirlínte) forbartha i gcaitheamh na bliana don réigiún, don chontae agus do phríomhbhaile an chontae. Cuireadh an obair seo ar bhonn foirmiúil i dtreo dheireadh na bliana nuair a aistríodh cúrsaí oidhreachta ón Rannóg Pobail agus Fiontraíochta go rannóg nua dar teideal "Forbairt Eacnamaíochta agus Pleanáil don Todhchaí". Forbairt an-dearfach í seo agus taispeánann sé an luach ard a chuireann Údaráis Áitiúla Lú ar an oidhreacht mar acmhainn thábhachtach d'fhorbairt an chontae agus a mhuintir sa todhchaí, a mbeidh cosaint na muintire sin lárnach do phleanáil an chontae.

Obair thionscadail sa bhliain 2009

Ba iad seo a leanas na príomhaidhmeanna a bhí leis an gclár oibre oidhreachta sa bhliain 2009:

- Mainistir Bhuithe a chur chun cinn agus soláthar a dhéanamh dá caomhnú
- Iarratas a dhéanamh ar chistiú INTERREG le haghaidh mórthionscadal trasteorann
- Baint láidir a bheith againn i dtáirgeadh an phlean forbartha
- Tacú agus cur chun cinn mórimeachtaí le haghaidh Lá na Múrbhailte (cuid de Sheachtain na hOidhreachta) i gCairlinn agus nó i nDroichead Átha ach ní i mBaile Átha Fhirdhia (cistithe ag Líonra na Múrbhailte in Éirinn). Tá Lú ar cheann den dá údarás áitiúil a bhfuil trí cinn de bhailte ina mball de. Bhí a chéad chruinniú bliantúil ag Líonra na Múrbhailte in Éirinn i gCairlinn
- Ag cabhrú chun an fiadhúlra a fhorbairt mar mhír tharraingteach, trí phainéil fairtheoireachta éan agus áiseanna eile a sholáthar i gCairlinn agus i nDún Dealgan

Lena chois sin chuir an oifig comhairle ar fáil maidir le:

- Bainistíocht forbartha (atreoruithe iarratas pleanála)
- Measúnachtaí faoin Treoir maidir le Gnáthóga
- Imscrúdú seandálaíoch roimh láithriú an phontúin bheartaithe in Abhainn na Bóinne ag Droichead Átha
- Athchóiriú agus taispeáint regalia chathartha Dhroichead Átha
- Tacú le ról Dhún Dealgan mar ionadaí na hÉireann san Entente Florale
- Saorálaigh a earcú chun staidéar bithéagsúlachta a dhéanamh ar láithreán líonta talún na Comhairle
- Feasacht a mhúscailt ar oidhreacht gheolaíoch speisialta Lú thuaigh agus an cheantair maguaird
- Cuidiú chun Féile Bhrat Bríde a reáchtáil
- Cothabháil an ghairdín bithéagsúlacht ag Halla an Chontae agus comhairle a chur ar ghrúpaí eile faoina dtionscadail bhithéagsúlachta



Turasóireacht

Le linn 2009 leanadh den fhorbairt ar an mbonneagar siúil nuair a cuireadh dhá lúb nua ar Leithinis Chuaille – Áth an Locháin agus Bearna Mhéabha, rud a bhunaíonn an ceantar mar "mol siúil" i réigiún an Oirthuaiscirt agus Lár na Tíre. Ba é comhar idir Comhairle Contae Lú, Fáilte Ireland, Comhairle Contae na Mí agus lucht turasóireachta ba chúis le forbairt Thionscadal Aitheantais Ghleann na Bóinne faoinar foilsíodh treoir chuimsitheach do Ghleann na Bóinne a scaipeadh ar fud thuaisceart na hEorpa agus an Ríocht Aontaithe agus a forbraíodh clár seaimpíní turasóireacht i mórcheantar Dhroichead Átha.

Aibhsíodh tábhacht Dhún Dealgan mar cheann scribe do shosanna fóillíochta ag seoladh Bhróisiúr Eachtraíochta agus Gníomhaíochta Dhún Dealgan a chuir béim ar na háiseanna gníomhaíochta agus spóirt uile-aimsire atá sa bhAile. Thacaigh lucht turasóireachta leis an tionscnamh a dhírigh ar mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Bhéal Feirste agus a bhí comhdhéanta d'fhógraíocht ar raidió agus sa phreas, tionscnaimh in ionaid siopadóireacht agus cor bileoga do thithe sa dobharcheantar. Forbraíodh pacáiste gailf "Imir agus Fan" don chontae agus clár margaíochta gaolmhar a bhí dírithe ar mhargaí teaghlaigh agus margaí Nordacha.

Thacaigh an roinn le roinnt imeachtaí i gcaitheamh na bliana lena n-áirítear seastán ag Cluiche Oscailte 3 i mBaile Trá, ag an BBC Good Food Show in Bermingham agus chuidigh sé chun Aonad Bia Dhroichead Átha a fhorbairt leis an tionscal miondíola agus bialainne
.

An Bord Forbartha Contae

Mar thoradh ar an athbhreithniú ar straitéis 10 mbliana Bhord Forbartha Chontae Lú sa bhliain 2009 ceapadh plean gníomhaíochta trí bliana. Aontaíodh trí cinn e théamaí agus d'fhoirne a thabharfadh faoi na gníomhaíochtaí a cuimsíodh sa phlean gníomhaíochta. Ba iad na fóraim a aontaíodh ná fóraim Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúir.

An Fóram Cultúir

Seo a leanas aidhmeanna agus cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Cultúir:

- Féiniúlacht Lú a neartú, chun mórtas agus feasacht chultúrtha a chothú.
  - Deiseanna agus cultúrtha a sholáthar mar aon le roghanna do dhaoine ag gach aois, de gach cumas agus de gach cultúr.
  - Folláine shaoránaigh Lú a fheabhsú trí chur chuige comhtháite chun spórt & caitheamh aimsire, na healaíona, músaem, leabharlanna agus seirbhísí oidhreachta a sheachadadh.
  - Mórtas áite a chothú trí líonra na mBailte Slachtmhara, an Ghaeilge, éagsúlcht ilchultúrtha agus ionaid chultúrtha dhúchasacha

I measc na bpríomhthionscadail bhí Tionscnamh Contae Aoischairdiúil, Comhairle na nÓg, seachadadh Straitéis Spóirt Lú, Straitéis Siúil Lú, ag tacú le saorálaíocht, tionscadail oidhreachta agus ealaíon agus forbairt straitéise cumarsáide.

Tionscnamh Aoisdháimhiúil Chontae Lú

Sheol Dermot Ahern, an tAire Dlí agus Cirt, agus Athchóirithe Dlí Tionscnamh Contae Aoisdháimhiúil Lú i Samhain 2008.. Roimhe seo, ba iad Dún Dealgan agus a hInstitiúid Teicneolaíochta na príomhpháirtithe Éireannacha i dtionscadal idirnáisiúnta ar *Cathrach Aoisdháimhiúla* arna urrú ag an Eagraíocht Sláinte an Domhain sa bhliain 2007.

Ba í Áine Brady, T.D., an tAire Seanóirí a sheol doiciméad Straitéis Chontae Aoisdháimhiúil Lú i i nDroichead Átha. Tá an straitéis ailínithe le creat 8 bpointe WHO a tháinig as tionscadal staidéir idirnáisiúnta ar 33 cathair sa bhliain 2007

.

Brandáil aoisdháimhiúil

D'aontaigh grúpa cumarsáide Chomhaontas Contae Aoisdháimhiúil Lú brandáil le haghaidh Tionscnamh Contae Aoisdháimhiúil Lú. Díríonn an brandáil ar na hocht gcuspóir straitéiseacha atá ag Straitéis Chontae Aoisdháimhiúil Lú atá ar aon dul leis na hocht réimse a mhol An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Ocht gcinn de phiotail dhaite atá sa bhrandáil a leathann amach chun éabhlóid an tionscnaimh de réir mar a fhásfaidh sé a chur in iúl. Is féidir le contaetha eile aithris a dhéanamh ar an mbrandáil seo, más mian leo.

Tionscadal Tithíochta Shráid na Beairice – Great Northern Haven

Comhoibriú idir Comhairle Baile Dhún Dealgan, FSS an Oirthuaiscairt agus DKIT is ea Tionscadal Tithíochta Shráid na Beairice. Féachann an tionscadal le cáilíocht na beatha a fheabhsú trí

- Nuálaíocht i ndearadh tithe inbhuanaithe
- Teicneolaíochtaí Maireachtála Cliste
- Tacaíochtaí Duine-láraithe Pobail agus Sláinte

Sé cinn déag de leithlanna dhá sheomra leapa atá san fhorbairt, agus braiteoirí ar mhaithe le slándáil agus sábháilteacht, titim agus eagla roimh thitim agus chun coinníollacha ainsealacha sláinte a bhainistiú.

Fóram Seanóirí Lú

Bunaíodh Fóram Seanóirí Lú sa bhliain 2009. An chéad ghníomh mór dá ndearna an Fóram ná seimineár a bhainistiú agus a óstáil i Samhain 2009 chun doiciméad Straitéis Contae Aoisdháimhiúil Lú a sheoladh go hoifigiúil mar aon le hEolaire Seirbhísí do Shaoránaigh. Ghlac an fóram páirt sa chomhairliú poiblí mar chuid den iniúchadh ar chórais iompair i mí na Nollag 2009.

LOUTH
Age Friendly County

Comhairle na nÓg

Cistítear Comhairle na nÓg le deontas ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus féachann sí le rannpháirtíocht a mhéadú i measc na n-ógánach sin ar annamh a chloistear uathu, agus rannpháirtíocht ghinearálta na n-óg a mhéadú trí oiliúint do vótálaithe, agus oiliúint i scileanna meán agus cumarsáide a chur ar fáil mar aon le rannpháirtíocht i nDáil na nÓg. Cuireadh béim ar leith ar a áirithiú go gcloistear smaointe na n-óg i gcomhar leis na Coistí Gairmoideachais agus grúpaí eile. Tionscnamh amháin dá leithéid ab ea ócáid 'Speak Out' i mí an Mhárta ar a chualathas tuairimí daoine óga ar na ciorruithe oideachais.

D'éirigh go rí-mhaith leis an gcárta lascaine do mhic léinn a sheol an Chomhairle. Ceapadh an Carta mar thoradh ar smaoineamh a bhí ag baill na Comhairle agus ba iad na baill féin a d'fhorbair agus a sheol an tionscnamh agus a chuir ar an margadh é tar éis dul i gcomhairle le miondíoltóirí scoile agus urraithe tráchtála.

Foireann Feidhmithe Míchumais

Sa bhliain 2009 bhí Cistiú na Straitéise Míchumais á rolladh amach i gcónaí agus tugadh faoi theicneolaíocht faisnéise agus oibreacha caipitil a dhéanamh a chuideodh le daoine faoi mhíchumas teacht a fháil ar sheirbhísí údaráis áitiúil.

Foireann ARD

Tháiinig an Fhoireann Feidhmithe an Phlean Frithchiníochais agus Éagsúlachta le chéile ceithre huaire le linn 2009 agus beidh maoirsiú á dhéanamh i gcónaí acu ar chur i ngníomh bhearta Phlean ARD go dtí 2010.

Cúram leanúnach sa bhliain 2009 ab ea feasacht a mhúscailt ar cheisteanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta. Cuid d'obair an aonaid is ea an iarracht cistiú a fháil do thionscnaimh um chuimsiú sóisialta.

Athbhreithneoidh an fhoireann Plean ARD sa bhliain 2010.

Foireann na mBeart um Chuimsiú Sóisialta

Mar chuid den athbhreithniú ar Bhord Forbartha Contae Lú sa bhliain 2009 bhí dhá cheardlann ag Foireann na mBeart um Chuimsiú Sóisialta chun téama straitéiseach a aontú don fhoireann seo. Ba é an téama a roghnaíodh "comhionannas deise agus teacht do chách a fhorbairt". Ba í buaicphointe na gceardlann seo ceapadh an Cholúin Shóisialta a d'aithin cuspóirí ábhartha chun Plean Gníomhaíochta Straitéisí a chur i dtoll a chéile a áiritheodh cur chuige comhordaithe agus comhtháite i leith dul i ngleic le heisiachas sóisialta i Lú. Athbhreithníodh comhdhéanamh agus ról an Fhoireann SIM chomh maith chun a éifeachtúlacht a neartú agus a fheabhsú. Aontaíodh ag an gcéad chruinniú den fhoireann go roghnófaí dhá ghníomh le haghaidh 2009/2010 agus bunaíodh dhá fhoghrupa chun taighde a dhéanamh ar an dá ghníomh sin.

Ba iad seo a leanas na Gníomhartha:

- An Tionscnamh um Luathfhágáil na Scoile a thacú agus a choimeád ar siúl
- Tionscnaimh fostaíochta pobalbhunaithe atá anois ann a choimeád ar siúl.

Fóram Pobail agus Deonach

Eagraíodh dhá chruinniú poiblí i mí Iúil 2009 chun cuntas a thabhairt ar na céimeanna a bheadh riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh leis an Scéim Pobail agus Deonach agus chun Fóram nua Pobail agus Deonach a chur ar bun. Aontaíodh ag na cruinnithe seo go n-athródh Fóram Pobail agus Deonach Lú ó struchtúir ceantarbhunaithe (toghcheantair) agus go nglacfaí cur chuige nua bunaithe ar théama. Tá seachtar ball ar fhichead ar an bhFóram Pobail agus Deonach nua agus tagann triúr ball ó gach ceann de na grúpaí téamacha seo a leanas:

- Fóram na Seanóirí
- An Fóram Oidhreachta agus Ealaíon Pobail
- Grúpaí Comhshaoil agus Fóram Líonra na mBailte Slachtmhara
- An Fóram Míchumais; an Fóram Idirchultúrtha
- Fóram na gCumann Cónaitheoirí Tuaithe agus Uirbeacha
- Fóram Ghrúpa Cheantar RAPID
- Fóram na nOibreacha Óige, an Fóram um Gheilleagar Sóisialta agus Fiontraíocht Phobail.

Tar éis na cruinnithe rathúla eolais ritheadh toghcháin i mí Lúnasa agus tionóladh céad chruinniú Fhóram Pobail agus Deonach Chontae Lú an 15 Meán Fómhair 2009.

Foireann ó rúnaíocht Bhord Forbartha Contae Lú de chuid Chomhairle Contae Lú is ea a chuireann tacaíocht riaracháin ar fáil don Fhóram

Tionscadal Spóirt Idirchultúrtha

D'óstáil Comhairle Contae Lú dhá cheann de imeachtaí spóirt idirchultúrtha ar éirigh go rí-mhaith leo, le cúnamh ón gCLG, ón FAI, ó DKIT, ó Choiste ARD, agus ó Rang Idirbhliana San Uinseann. Ba é an Rannóg Dlí agus Cirt agus Imeasctha a chuir cistiú ar fáil do na himeachtaí.

Sparánachtaí Oideachais

Bronnann Comhairle Contae Lú, le cúnamh ó Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus ó Chomhairle Baile Dhún Dealgan sparánachtaí oideachais bliantúla. Bronnadh sé cinn de sparánachtaí sa bhliain 2009.

Scéim na nAláram Deataigh Pobail

Leithdháileadh aláraim deataigh ar 350 teaghas faoin scéim seo, le cúnamh ó Chomhordaitheoirí RAPID, grúpaí pobail, Seirbhís Dóiteáin Dhún Dealgan, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Comhairleoirí agus Teachtaí Dála an Chontae.

PEACE III

Is í aidhm Chlár **PEACE III** dul chun cinn i leith sochaí síochánta cobhsaí agus athmhuintearas a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann agus i gCeantar na Teorann. Tar éis gur glacadh lenár bPlean **PEACE III** agus go bhfuarthas tairiscint de €2.5m i gcistiú ón S.E.U.P.B. rinne Comhpháirtiocht Síochána & Athmhuintearais Chontae Lú na méideanna seo a leanas

Deontais Bheaga	€412, 699,
Seachadadh Comhpháirtithe	€768, 874,
Gníomhaíochtaí ar Tairiscint	€938, 211

Bronnfar iarmhéid an chistithe go luath sa bhliain 2010. Seoladh Tionscadal **PEACE III** i Halla an Chontae, Dún Dealgan an 18 Feabhra 2009 a thug deis do Chomhpháirtíocht **PEACE III** Chontae Lú a bplean a chur ar taispeáint.

Seoladh mórchuid de na tionscadail rathúla i gcaitheamh na bliana agus tá a gcuid clár faoi lánseoil anois.

I gcaitheamh na bliana eagraíodh roinnt imeachtaí neartaithe cumais le haghaidh Comhpháirtíocht **PEACE III** agus do chomhpháirtithe sna tionscadail.

D'fhreastail mórchuid ball ar sheimineáir/imeachtaí a shocraigh cuibhreannas Pobal/CRC ar théamaí éagsúla a bhaineann le cothú na síochana.

Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú

Foghrúpa den Bhord Forbartha Contae is ea Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú. Is iad príomhaidhmeanna na Comhpháirtíochta rannpháirteachas sa spórt agus i gcaitheamh aimsire fisiceach a mhéadú agus féachaint chuige go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní áitiúla.

Cláir is ea Buntús agus Buntús soccer a forbraíodh chun tacú le múinteoirí agus aosaigh eile atá ag iarraidh daoine óga bunscoile a chur ag imirt spóirt agus spéis sa ghníomhaíocht a chothú iontu.

Chuir an Chomhpháirtíocht, i gcomhar le Coiste Cúram Leanaí Lú, túschlár Buntús ar fáil do ocht gcinn déag de shaoráidí cúram leanaí i gcaitheamh na bliana. Cuireadh clár Buntús do bhunscoileanna ar fáil in 28 scoil sa bhliain 2009, a fhágann gur cuireadh an clár ar fáil in 47 scoil ón tús. Rolladh amach clár Buntús soccer i gcomhar leis an FAI den chéad uair i gContae Lú agus fuair 10 scoil oiliúint faoin scéim go dtí seo.

Comhthionscnamh is ea an clár Cailíní i mbun Gníomhaíochta a chistíonn FSS agus Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú chun cailíní óga a mhisniú chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht fhisiceach. Cuireadh an clár ar fáil do na meánscoileanna ar fad a raibh cailíní iontu i gContae Lú agus tá sé á reachtáil i láthair na huaire i ndeich gcinn de mheánscoileanna an chontae.

Shocraigh an Chomhpháirtíocht trí cinn de cheardlanna ó eolaí oilte spóirt/fiseolaí aclaíochta ar thopaicí a bhaineann le heolaíocht an spóirt. D'fhreastail 56 duine ar na ceardlanna. Bhí baint ag an gComhpháirtíocht chomh maith le tionscnaimh éagsúla d'aosaigh níos sine, le n-áirítear tionscadal FitLine chun daoine os cionn 55 a mhealladh chun a bheith níos gníomhaí. Eagraíodh trí cinn de fhéilte do sheanóirí sa bhliain 2009 agus bhí gníomhaíochtaí éagsula ar fáil. I measc na líonraí a bunaíodh i gcaitheamh na bliana bhí fóram an Oifigigh Forbartha Spóirt agus líonra na múinteoirí corpoideachais.

D'éascaigh an Chomhpháirtíocht seachadadh deich gcinn de chúrsaí feasachta ar Chód Eitice Chomhairle Spóirt na hÉireann – Leas agus Cosaint Leanaí sa Spórt. D'fhreastail 136 duine ar na cúrsaí seo. Leithdháil an Chomhpháirtíocht €15,000 i ndeontais ar 24 club/eagraíocht faoi Scéim Deontais na gClubanna Spóirt um Rannpháirteachas a Mheadú agus a Choinneáil. Sheol John Treacy, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Spóirt na hÉireann Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú 2009-2012 an 28 Deireadh Fómhair. Bronnadh €122,000 ar Chomhpháirtíocht Spóirt Lú faoi Chlár PEACE III chun an tionscadal dar teideal Caidreamh Dearfach a Chothú tríd an Spórt ar an Leibhéal Áitiúil atá sceidealta le tosú sa bhliain 2010.

Oifigeach Míchumais Um Chuimsiú Sa Spórt

Bhí Oifigeach Míchumais um Chuimsiú sa Spórt Chomhairle Contae Lú bainteach leis an iarracht deiseanna a mhéadú do dhaoine faoi mhíchumas chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí spóirt agus i gcaitheamh aimsire fisiceach. Féachann an tionscadal le feasacht a mhúscailte ar bhuntáistí rannpháirtíochta dá leithéid dóibh siúd atá faoi mhíchumas. Socraíodh sprioc de 600 duine le tacaíocht a sholáthar dóibh le linn théarma dhá bhlian an tionscadail, agus sáraíodh an sprioc sa bhliain 2009 agus faoi dheireadh na bliana bhí 1058 duine tacaithe ag an Oifigeach.

Sholáthair an tOifigeach oiliúint d'eagraíochtaí míchumais agus do scoileanna in APA (gníomhaíocht fhisiceach oiriúnaithe) agus oiliúint i gcluichí cuimsitheacha. Bunaíodh clár feasachta ar mhíchumas chomh maith do ranganna idirbhliana. Seachadadh seacht seisiún déag i scoileanna i gContae Lú agus bhain 673 dalta tairbhe as an gclár. Le linn 2009 ghlac grupaí míchumais agus pobail cúram orthu féin maidir le roinnt gníomhaíochtaí, mar shampla, aeróbaic oiriúnaithe, an clar teagaisc snámha agus Boccia inbhuanaithe. Bunaíodh Fóram Míchumais Lú a chabhraigh leis an Oifigeach gníomhaíochtaí nua agus gníomhaíochtaí uathúla a phleanáil do dhaoine faoi mhíchumas. I measc na ngníomhaíochtaí sin bhí damhsa Zumba agus scátáil oighir agus haca oighir i gcathaoireacha rotha, den chéad uair in Éirinn.

Seirbhís Leabharlainne Chontae Lú

Cuirear Seirbhís Leabharlainne Chontae Lú ar fáil trí chúig cinn de leabharlanna brainse ag Dún Dealgan, Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia, Cairlinn agus Dún Léire. Tá leabharlann taistil i bhfeidhm chomh maith a thugann cuairteanna ar 53 láthair ar fud an chontae, lena n-áirítear ionaid chúraim lae agus creiseanna. Freastalaíonn an tseirbhís taistil ar dhá ionad staid ag An Inse, Co. na Mí, ar bhonn gníomhaireachta. Freastalaíonn Seirbhís Leabharlainne Scoile Lú ar 78 bhunscoil ar fud an chontae.

Úsáid na Leabharlann	2009	2008
Míreanna a tógadh ar iasacht	336,757	298,841
Cuairteanna ar na leabharlanna lánaimsearthas	219,531	200,350
Iasachtóirí cláraithe	11,965	10,627
Seisiúin idirlín curtha ar fáil	19,317	14,936

Stoc Leabharlainne

Gheofar i mbailiúcháin stoic na leabharlainne leabhair, dlúthdhioscaí ceoil, pacaí acmhainne teanga, físeáin eolais agus DVDanna, le tógáil ar iasacht ag iasachtóirí. Tugadh isteach leabhair fuaime ar MP3 agus ar dhlúthdhiosca sa bhliain 2009, mar aon le breise ábhair litearthachta do theagascóirí agus do mhic léinn.

Staidéar Áitiúil / Cartlanna

Tháinig Seirbhís Chartlainne Contae Lú faoi shainordú Stiúrthóireacht na Leabharlann den chéad uair sa bhliain 2009. Bhí ábhar oiriúnach á fháil i gcónaí ag Leabharlanna Chontae Lú, i gcomhar le Seirbhís Staidéir Áitiúil agus Ginealais Lú, a bhain le stair agus le hoidhreacht chultúrtha an chontae. Close links are maintained with local historical societies and groups to promote and preserve the rich heritage of Louth. Soláthraíonn an tseirbhís geinealais ar líne eolas agus cúnamh do dhaoine atá ag rianú a gcraobh ginealaigh, agus gineann sé sruth ioncaim breise don tseirbhís leabharlainne.

Bailiúcháin Nuachtán

Tá cóipeanna ceangailte de The Dundalk Democrat, The Argus agus den Drogheda Independent ar fáil le léamh i leabharlanna Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha. Tá an Dundalk Democrat ar fáil ar mhicreascannán ó 1849 – 2005 agus The Argus ó 1986 – 1999 i Rannóg Tagartha Leabharlann Dhún Dealgan. Tá cóipeanna ar mhicreascannán de The Drogheda Independent ó 1884 – 1949 agus de The Argus ó 1838 – 1896 ar fáil i Leabharlann Dhroichead Átha. Tá irisí staire agus ábhar eile a bhaineann leis na bailte ar fáil freisin lena gceadú.

Forbairt Brainsí

Cuireadh tús le hobair phleanála ar athchóiriú agus forbairt Leabharlann Chairlinn. Cuirfidh an obair seo seirbhís fheabhsaithe ar fáil don phobal áitiúil.

Ríomhairiú

Tá catalóg Leabharlann Chontae Lú, atá ar fáil ar an idirlíon, á tabhairt cothrom le dáta an t-am ar fad. I measc na seirbhísí ar líne tá teacht ar nuacháin idirnáisiúnta agus ar Britannica Online.

Tá Leabharlanna Chontae Lú páirteach in dhá thionscnamh nua i gcomhar le Age Action Ireland agus i dtionscadal ríomhfhoghlama le FÁS, chun daoine a mhisniú chun scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim agus dul i dtaithí ar fhón póca sa leabharlann áitiúil. Tá éascaitheoir ar fáil i leabharlanna Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia chun ceardlanna a chur ar fáil do thosaitheoirí, agus chun tacú le foghlaimeoirí trí svuít de chúrsaí ar líne.

Tionscadal Europe Direct

D'éirigh le hiarratas Leabharlann Dhún Dealgan chun bheith ina Ionad Eolais Europe Direct sa bhliain 2009. Tá cistiú ar fáil ón gCoimisiún Eorpach chun seirbhís eolais a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnóthais mar gheall ar cheisteanna agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an AE. Tairgeann an tseirbhís rochtain tiomnaithe PC ar eolas faoin Eoraip i bhfiche teanga; tuairiscí agus paimfléid; leabhair d'aosaigh agus do leaní; seirbhís fón saor in aisce chuig ionad Europe Direct sa Bhruiséil agus imeachtaí agus gníomhaíochtaí rialta bunaithe ar théama Eorpach.

Gníomhaíochtaí For-rochtana

Eagraíodh clár éagsúil rialta d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí i Leabharlann Chontae Lú sa bhliain 2009. I measc na ngníomhaíochtaí bhí taispeántais, scéalaíocht, stair áitiúil, ceardlanna ginealais, imeachtaí ealaíon agus seisiúin cheardaíochta. Bhí na leabharlann páirteach i gcónaí in imeachtaí náisiúnta, mar shampla, Seachtain Litearthachta na nAosach, Féile Leabhar na bPáistí, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine agus Seachtain na hEolaíochta i gcaitheamh na bliana. Ba é téama Fhéile Bealtaine i Lú "Saol Fuinniúil ag Leabharlann Chontae Lú" agus léirigh mórchuid seanóirí a ndíograis agus a dtacaíocht d'imeachtaí ó teiripe scéimhe go rince Zumba!

Imeachtaí Léitheoireachta

Ar an lear mór údar cuairt ar Leabharlanna Chontae Lú i gcaitheamh na bliana bhí Niall De Burca, Oisin McGann agus Sandy Sneddon. Ba é 'Quest Seekers' téama an Dúshláin Léitheoireachta Samhraidh do leanaí. Misníodh leanaí i ngach ceann de na leabharlanna brainse chun rogha tarraingteach a léamh de leabhair eachtraíochta, dul i mbun gníomhaíochtaí agus cluichí, agus fuair siad teastais chun a ngnóthachtáil a aithint.

An tSeirbhís Chartlainne

Bhí caighdeánú á dhéanamh i gcónaí ar ranna de chatalóg na cartlainne, go háirithe ar na comhaid ollmhóra comhfhreagrais de chuid Chomhairle Contae Lú, a dhátaíonn ó na 1930idí – 1970idí. Clúdaíonn na comhaid raon leathan ábhar, agus mar sin soláthraíonn siad comhthéacs do chartlanna gach roinn eile den údarás áitiúil.

Tugadh faoi thionscadal, a chistigh an Chomhairle Oidhreachta, ar son Iontaobhas Oidhreachta Loch Chairlinn mar ar thaiscigh an tIontaobhas a mbailiúchán cartlainne le Seirbhís Chartlainne Contae Lú lena phróiseáil. San áireamh anseo bhí sórtáil, catalógú, uimhriú agus pacáil an bhailiúcháin ina bhfuil 5,500 mír nó mar sin, lena n-áirítear comhaid, doiciméid scaoilte, grianghraif agus roinnt léarscáileanna, pleananna agus líníochtaí.

Ba í 2009 cothrom céad agus a deich mbliana ó ritheadh na céad toghcháin áitiúla ionadacha in Aibreán 1899. Chun an ócáid sin a chomóradh d'óstáil Seirbhís Chartlainne Contae Lú taispeántas taistil ar 'Toghcháin Áitiúla in Éirinn' le linn Meitheamh 2009. Taispeántas fíor-oideachasúil a bhí ann. Thug an taispeántas cuntas ar chuid de na téamaí agus na himeachtaí móra stairiúla a bhí i gceist le toghcháin áitiúla ó aimsir na gcéad toghchán in 1899, lena n-áirítear an Local Government Act 1898 agus an toghchóras, toradh an chéad toghcháin agus a iarmhairt, toghcháin cháiliúla, feachtais toghchánaíochta, agus athruithe reachtacha anuas tríd na mblianta.

Chun an tSeachtain Oidhreachta agus an Mhí Feasachta Cartlann a chomóradh d'eagraigh Seirbhís Chartlainne Contae Lú taispeántas de sheanghrianghraif de Dhún Dealgan agus den cheantar máguaird. Tógadh na grianghraif ó bhailiúchán grianghraf Chumann Sean-Dhún Dealgan agus thaispeáin siad siopaí agus sráid-dhreachanna, daoine agus imeachtaí, eastáit agus modhanna iompair. Beidh an bailiúchán grianghraf, ina bhfuil na céadta grianghraf is inspéise do mhuintir na háite, ar fáil don phobal ach coinne a dhéanamh chun féachaint air (Teil: 042-9339387) i Seomra Taighde na Seirbhíse Cartlainne.

Shocraigh an tSeirbhís go ndéanfaí cóireáil chaomhantais ar roinnt de na comhaid a bhain le Bord na gCaomhnóirí agus leis an gcomhairle ceantair tuaithe le linn 2009, agus ba í an tSeirbhís Oidhreachta a d'íoc as. I measc na míreanna a caomhnaíodh bhí leabhar miontuairiscí tithe oibre, taifid airgeadais agus leabhar cíosa. Ba é a bhí i gceist sa chóireáil ná glanadh an dromchla, díghalrú, deisiú struchtúrach agus deisiú na gceangal.

Bhí áthas ar an tSeirbhís Chartlainne roinnt bailiúchán tábhachtach cartlainne i gcaitheamh na bliana. Ina measc sin bhí bailiúchán cartlainne Chuideachta Gáis Dhún Dealgan ag dátú ón 1840idí – 1970 comhdhéanta de leabhair miontuairiscí, liosta ball, leabhar pá, tuairiscí agus comhfhreagras éagsúil, a bhronn Arthur McManus; páipéir de chuid Peter McCourt agus Briege McCourt, a dhátaigh go dtí an fichiú haois, a bhronn Brian MacCuarta; ábhar taighde maidir le stair mhíleata Dhún Dealgan agus léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordnáise ó Stephen O'Donnell; lorg ó sheanséala ón 13ú haois de bhaile nua Dhún Dealgan le Martha Martin; sleamhnáin agus íomhánna de Dhún Dealgan a bhronn Sean Casey; cóip micreascannán de leabhair ainmneacha na Suirbhéireachta Ordnáise ó Chartlann Náisiúnta na hÉireann; Clárleabhair curaíochta Chontae Lú a cruthaíodh faoin Ordú Curadóireachta Éigeantaí ó 1940 go 1948 agus clárleabhair na Scéime Leasacháin, 1950idí-1960idí; leabhar miontuairiscí de chuid Chumann Pinsinéirí PJ Carroll & Company Limited ó Jim Cousins; Páipéir Emerson, 1825 – 1925, a bhronn John Emerson, ina raibh leabhair chíosa, irisleabhair, agus leabhar adhmaid (1825-1832) ina raibh taifead de thionóntaí i mbun plandaithe ar eastát Chollainn. Baineann an bailiúchán go páirteach le heastát Massereene i gCollann a bhí an-spéisiúil toisc gurbh é an t-aon eastát i gCo. Lú mar ar ghlac na tionóntaí Plean Feachtais (1886-1891) agus mar ar éiligh siad laghdú cíosa i dteannta a chéile. Déanfar cóireáil chaomhantais ar an mbailiúchán seo sa bhliain 2010.

I measc na mbailiúchán eile a thaiscigh Cumann Seandálaíochta agus Stairiúla Chontae Lú bhí méid áirithe de léasaí eastáit Roden maidir le Baile na Trá agus Baile na Trá Uachtair, 1808-1819; bailiúchán de dhoiciméid éagsúla a bhaineann le Dún Dealgan, mar shampla comhfhreagras, cuntais, ábhar dlí agus grianghraif a dhátaíonn ó 1775-1938, lena n-áirítear dintiúr toghcháin James Edward Gordon in 1831, cóipeanna de leathanaigh bailéid, sceideal Sruthchóras Ceantair Bhaile Úlaid, coimriú de theideal maidir le heastát Hinds, sonraí mar gheall ar dhíol Theach Chill Ó nDaighre, Droichead Átha, óráid 1849 leis an Iarla Roden chun é a bhaint ón ngiúistíseacht, cuntais chíosa ar son Marsh Farm i mBaile an Ghearlánaigh, agus eile; agus nótaí taighde agus páipéir de chuid an Urramaigh Diarmuid Maclomhair, nach maireann, maidir le paróiste Bhaile Átha Fhirdhia, an 19ú haois. Tá an tSeirbhís faoi chomaoin acu siúd a thaiscigh nó a bhronn bailiúcháin toisc go gcuireann siad go mór leis an oidhreacht bhreá cartlainne atá ag an tSeirbhís agus cabhraíonn sé le daoine atá i mbun taighde. Déanfar catalogue ar bhailiúcháin nua-fhaighte agus cuirfear ar fáil do thaighdeoirí iad in am is i dtráth.

Comhairle Buirge Dhroichead Átha

Seirbhísí Corparáideacha

Dháréag ball atá ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha ar son dhá thoghcheantar: Droichead Átha Thuaidh agus Droichead Átha Theas. Tionóltar cruinnithe míosúla ar an gcéad Luan de gach mí, ach amháin i mí Lúnasa. Lena chois sin bíonn Cruinniú Bliantúil, Cruinniú Buiséid agus Cruinnithe Speisialta ag an gComhairle de réir mar is gá. Tionóladh ceithre chruinniú déag le linn 2009.

Ag an gCruinniú Bliantúil i mí an Mheithimh toghadh an Comhairleoir Michael O'Dowd ina Mhéara.

Saoráil Faisnéise

Fuair Comhairle Buirge Dhroichead Átha naoi n-iarratas sa bhliain 2009.

Fáiltithe Do Shaoránaigh

Fáiltiú Saoránach – 31 Marta, 2009 -
An tEaspag Michael Smith, DCL, DD, Easpag na Mí
Cumann Rugbaí na Bóinne - Buaiteoirí Chorn na mBailte Cúige - 4 Bealtaine, 2009.

Dámhachtainí Cathracha

Bronnadh Dámhachtainí Cathracha orthu seo a leanas:

Mr. Peter Moroney, as a chuid oibre ar fheasacht ar fhéinmharú agus le Sosad Ireland.

Mr. Keith Kelly, buaiteoir Theideal Sinsearach na bhFear sa tSeaimpíneacht Trastíre Náisiúnta Idir-Chlub.

Mrs. Julia Kierans, as a cuid oibre le Cumann Fiobróise Cistí na hÉireann.

Mr. Charlie McAllister as a chuid oibre le foirne CLG Lú Daltaí idirbhliana i gColáiste Mhuire, Na Glaschnoic ar Bhréagthrialacha Empire City ar Cuireadh a bhuachan i Nua-Eabhrac.

Tithíocht

Tá an Rannóg Tithíochta freagrach as cothabháil stoc tithíochta na Comhairle Buirge, as bainistíocht eastát, bailiú cíosanna agus aisíocaíochtaí iasachtaí, díol tithe faoin Scéim Cheannaigh do Thionóntaí agus faoin Scéim Tithíochta Úinéireacht i bPáirt/Inacmhainne, as iasachtaí tithíochta a sholáthar, as deontais oiriúnaithe tithe agus as cóiríocht do Thaistealaithe.

Tugadh cothabháil agus deisiú ár stoc ar cíos (1,277 teaghas) chun críche i gcaitheamh na bliana. San áireamh sa chothabháil phleanáilte bhí suiteáil córas téimh lárnaigh gáis, insliú áiléar agus aláram deataigh in 14 teaghas, agus fuinneoga agus doirse in 17 teaghas.

Straitéis Tithíochta

Cheannaigh Comhairle Buirge Dhroichead Átha 12 aonad inacmhainne faoi Chuid V den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000, agus leithdháileadh iad ar dhaoine ar an liosta feithimh tithíochta inacmhainne.

Ceannach Tithíochta

Cheannaigh Comhairle Buirge Dhroichead Átha 8 n-aonad san iomlán.

Tithíocht Dheonach

Cluainte an Bhaile Nua	Sholáthair Clúid 30 aonad in 2009
Radharc Dhroichead Átha, Lána Uí Mhearthaile	Sholáthair Respond 21 aonad a leithdháileadh in 2009
Cumann Tithíochta Foscadh	Tugadh 29 aonad chun críche in 2009. Tá gach ceann de na 65 aonad críochnaithe anois..

Cothabháil agus feabhsú ar an Stoc Iasachta

Tá stoc tithíochta de 1,277 ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha. In 2009, tuairiscíodh 1708 glao cothabhála agus rinneadh obair dheisiúcháin ina ndiaidh.

Scéim Oibreacha Feabhsúcháin Pháirc Naomh Fionnán

Tugadh oibreacha ar an gcéim dheiridh, Céim a 4, chun críche in 2009. Bhí seachtó teach san áireamh i gCéim 4. Cuireadh tús leis an tionscadal bunaidh, a rinne soláthar le haghaidh athchóiriú 200 teaghas agus oibreacha forbartha láithreáin gaolmhara i mí Eanáir 2003 agus cháiligh sé do chistiú caipitil faoin gClár Oibreacha Feabhsúcháin ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Scéim Deontais Do Dhaoine Faoi Mhíchumas

Caitheadh tuairim is €165,000 (gan CBL san áireamh) ar 24 teaghas difriúla.

Meille

Fuair Comhairle Buirge Dhroichead Átha cistiú ar son 50 teaghas ag Meille. Tá doiciméadú tairisceana tugtha chun críche. Tosóidh an obair thógála sa bhliain 2010.

Seirbhísí Seirbhísí Uisce

Mar chuid den athstruchtúrú leanúnach ar sheirbhísí uisce i gContae Lú thóg Comhairle Contae Lú ceannas ar tháirgeadh uisce ag na gléasraí cóireála uisce ón 1 Eanáir 2009. Clúdaíonn rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle Buirge Dhroichead Átha an soláthar uisce poiblí agus an tseirbhís séarachais phoiblí agus tá sí freagrach as cothabháil na líonraí dáileacháin uisce agus na líonraí séarachais sa Bhuirg.

Gníomhaíochtaí 2009

- Leanúint de Thionscadal Caomhnaithe Uisce i nDroichead Átha i gcomhar le Comhairle Contae Lú. San áireamh san obair bhí brath gníomhach ar dhoirteadh uisce agus deisiú sceitheadh sa líonra agus príomhlíonraí uisce a aithint ar theastaigh athshlánú uathu.
- Leanadh de bheith ag suiteáil boscaí teorann méadair uisce / méadair uisce d'úsáideoirí neamhtheaghlaigh.
- Cothabháil agus oibriú leanúnach an líonra dáileacháin uisce atá anois ann sa Bhuirg.
- Céim 1 de Scéim Mheasúnaithe agus Feabhsaithe Líonra Séarachais Dhroichead Átha i gcomhar le Comhairle Contae Lú. Tionscadal leanúnach é seo agus i gceist ann tá measúnú cuimsitheach ar an líonra séarachais atá anois sa Bhuirg. Clúdaíonn an measúnú suirbhéanna le ceamaraí ciorcad iata agus suirbhéanna ar dhálaí, mapáil an líonra, suirbhéanna ar shruth srl. Tá súil an suirbhé a chríochnú i lár 2010 agus tuarascáil a sholáthar roimh dheireadh na bliana sin.
- Cothabháil agus oibriú leanúnach ar an líonra draenála séaraigh atá anois sa Bhuirg.

Rannóg Na mBóithre

- Cothabháil bóithre agus cosán ar fud na Buirge.
- Cur i ngníomh an Athbhreithnithe ar Bhainistiú Tráchta agus Iompair.
- Cur i ngníomh na bhFodhlíthe um Sheastáin Cheaptha (Feithiclí Seirbhíse Sráide) Dhroichead Átha 2008.
- Uasghrádú ar an R132, Bóthar Bhaile Átha Cliath idir Beubec agus Glanbia.
- Uasghrádú ar Shráid an tSiopa – cosáin, dromchla an bhóthair móide cuaillí le haghaidh bratach.
- Uasghrádú ar Chnoc na Bunreachta
- Oibreacha do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear bord ardaithe agus áiseanna trasnaithe do choisithe ag acomhal An Gheata Thiar, An Bóthar Thuaidh, Ardán Liam Leech, Bóthar Bhaile Átha Cliath, acomhal Shráid Mhuire, Fáinne na dTarbh, bun Chnoc na Beairice, Geata Rí an Domhnaigh & Gairdíní an Hearmanaigh.
- Marcanna do bhánna do dhaoine faoi mhíchumas ag suíomhanna éagsúla.
- Uasghrádú marcanna bóithre ag láithreacha éagsúla.
- Cairt sábháilteachta na hEorpa – Scoil Bhaile Mhic Éinigh – marcáil línte, ráillí agus trasrianta coisithe. Feidhmiú leanúnach Chairt na hEorpa um Shábháilteacht Bóithre.
- Eastát tithíochta – athdhromchlaí ar bhóithre ag Steach Mín, Radharc na Cluana, Páirc Lorcáin, Eastát Ráth an Mhaoláin agus Naomh Fionnán.
- Bánna páirceála ag láithreacha éagsúla.
- Athbhreithniú ar phá agus páirceáil ag An Trá Thuaidh agus soláthar áiteanna breise páirceála ag seansuíomh an Stáisiúin Dóiteáin, Sráid Thobar an Stoic agus Sráid na gCapall.
- Suirbhé ar shócmhainní soilsithe poiblí laistigh den Bhuirg. Uasghrádú ar bhonneagar soilsithe poiblí sa Bhuirg.
- Teacht ar chosáin a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus comharthaíocht ag láithreacha éagsúla.
- Bainistiú na tráchta laethúla, monatóireacht agus cothabháil comharthaí tráchta lena n-áirítear comhaireamh tráchta agus luaise ag láithreacha éagsúla
- Measúnú ar iarratais phleanála agus ar thuairiscí bóthair.
- Gnáthchothabháil bóithre agus cosán.
- Monatóireacht agus cothabháil lintéir bhóithre.
- Marcanna agus comharthaíocht bóithre athnuaite/agus soláthraithe ag láithreacha éagsúla.
- Forfheidhmiú páirceála pá ar bhóithre.

Pleanáil & Forbairt

Sa bhliain 2009 bhí an rannóg pleanála freagrach as breithiú iarratas ar chead pleanála, rialú forbartha leanúnaí, forfheidhmiú na reachtaíochta pleanála, agus soláthar comhairle ar cheisteanna a bhaineann le pleanáil mar aon le forfheidhmiú na reachtaíochta rialaithe tógála.

Bhí measúnú ar siúl le linn 2009 ar iarratais phleanála ar fhorbairt sa cheantar a chlúdaítear sa Mháistirphlean le haghidh Purlán Thuaidh Dhroichead Átha.

Mar a moladh i Straitéis Forbartha Eacnamaíochta Dhroichead Átha, bunaíodh Fóram Eacnamaíochta Dhroichead Átha, chun príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun an Straitéis Forbartha Eacnamaíochta chomhtháite a chur i ngníomh agus chun forbairt eacnamaíocht a bhaint amach i mórcheantar Dhroichead Átha sa tréimhse 2009-2015 agus ina dhiaidh agus chun an fís fhoriomlán do Dhroichead Átha, de láthair uirbeach faoi bhláth ina mbeidh pobail bheoga ar dhá thaobh na Bóinne, a fhíorú.

An 20 Bealtaine 2009, cuireadh tús leis an bpróiseas dhá bhliain chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Chomhairle Buirge Dhroichead Átha le foilsiú an fhógra poiblí riachtanaigh, foilsiú agus scaipeadh Páipéir Cheisteanna agus tús le tréimhse an chomhairliúcháin phoiblí. Tar éis do na baill tofa Tuarascálacha an Bhainisteora a bhreithniú ar na haighneachtaí a fuarthas, cuireadh tús le hullmhú an Dréachtphlean i Samhain 2009.

Faoi Alt 48 de na hAchtanna Pleanála & Forbartha 2000-2009, ullmhaíodh Dréachtscéim Ranníocaíochta Forbortha nua don tréimhse 2010-2014 go déanach sa bhliain 2009. Cuireadh an scéim bheartaithe ar taispeáint an 16 Nollaig 2009.

In 2009, phróiseáil Comhairle Buirge Dhroichead Átha 152 iarratas pleanála, arbh ionann é agus laghdú de 38% ar fhigiúr 2008.

As iomlán de 23 cinneadh a d'eisigh an Bord Pleanála sa bhliain 2009 maidir le hachomhairc, sheas 20 [87%] le cinneadh an údaráis phleanála agus d'aisiompaigh 3 [13%] cinneadh an údaráis phleanála.

Le linn 2009, bhí dhá cheann de thógraí ó Chomhairle Buirge Dhroichead Átha chun forbairt a dhéanamh mar ábhar le próiseas chomhairliúcháin phoiblí dá bhforáiltear faoin Chuid 8 de na Rialacháin Pleanála & Forbartha 2001.

Bhí dhá éagsúlú ar Phlean Forbartha Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 2005-2011, a d'athchriosaigh tailte sa Bhaile Nua ó Chónaithe Nua go Crios Giniúna Fostaíochta agus athchriosadh teaghas agus cúirtealáiste ag Siúlán na

Ropaí ó Spás Oscailte go Cónaithe Faoi mar Atá. Chun iarrthóirí féideartha a éascú, cuireann Comhairle Buirge Dhroichead Átha seirbhís réamhphleanála ar fáil agus soláthraíonn coinní le pleanálaithe chun ceisteanna réamhphleanála a phlé gach Máirt.

Sa bhliain 2009 chuir an Chomhairle Buirge gach iarratas pleanála, cinntí de chuid Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus an Bhoird Phleanála, idir 1963 agus 1990, ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Comhshaol

Seo a leanas na gníomhartha um Chosaint Chomhshaoil agus Rialú Truaillithe, idir chríochnaithe agus leanúnach: Cuireadh cláir ghlantachán bliantúil sráide, rialú fiailí, gearradh féir agus fálta i bhfeidhm; tá monatóireacht á déanamh ar ghás ag an seanláithreán líonta talún ar Bhóthar Calainne; déanann Comhairle Buirge Dhroichead Átha suirbhéanna i gcónaí ar son an Chórais Mhonatóireachta Náisiúnta um Thruailliú Bruscair (GIS Bruscair); Riarachán an Acht um Láithreacha Tréigthe, 1990; suirbhé graifítí déanta agus clár um baint graifítí tosaithe.

Bronnadh Bonn Óir ar Dhroichead Átha i gComórtas na mBailte Slachtmhara don dara bliain as a chéile. Aicmíodh Droichead Átha mar an tríú baile is glaine in Éirinn i gCraobh na nGnóthas Éireannach in aghaidh Bruscair 2009.

Suiteáladh bainc éadaí ag ocht gcinn de na naoi banc 'fág anseo' sa bhaile.

Bronnadh deontais taitneamhachta arbh fhiú €29,900 iad ar 24 cumann cónaitheoirí agus grúpaí pobail le haghaidh tionscadal chun feabhas a chur ar bainistíocht eastát agus a dtimpeallacht.

Chuir Comhairle Buirge Dhroichead Átha, i gcomhar le hollmhargaí an bhaile agus Tarrtháil Abhann Iascaigh na Bóinne tionscnamh tralaí siopadóireachta i ngníomh chun líon na dtralaithe siopadóireachta a thréigtear i lár an bhaile agus in Abhainn na Bóinne araon a laghdú. Ainmníodh Droichead Átha agus bhuaigh sé an chéad duais sa Chomórtas don Bhaile is Fearr Cuma in Éirinn 2009 agus tá gaol oibre réamhghníomhach á fhorbairt againn i gcónaí le Coiste Bhailte Slachtmhara Dhroichead Átha.

Ullmhúchán don Chomórtas Oscailte Gailf i mBaile Trá.

Feachtais Chomhshaoil Dhroichead Átha

Ba iad seo a leanas feachtais chomhshaoil Dhroichead Átha don bhliain 2009:

- Dámhachtainí 'Áilleacht ar an mBóinn" a d'urraigh Comhairle Buirge Dhroichead Átha, Coca Cola, V&W Recycling, Scotch Hall, Scholar's Townhouse agus an d Hotel a eagraíodh don tríú bliain.
- Eagrú Sheachtain Náisiúnta na gCrann agus Glantachán an Earraigh, ar éirigh go rí-mhaith leo.
- Roll amach Thionscnamh Tinte Ealaíne Oíche Shamhna chun an méid a dhóitear agus costas an ghlantacháin a laghdú.
- Feachtas Coiscthe Bruscair a rolladh amach den chéad uair le comhar agus rannpháirtíocht ó na cúig iarbhunscoil sa bhaile.
- Rannpháirteach sa tSeachtain Náisiúnta Athchúrsála i mí Mheán Fómhair 2009.
- Mhéadaigh líon na Scoileanna Glasa go 12.

Airgeadas

Figiúirí Airgeadais Chomhairle Buirge Dhroichead Átha (Iniúchta)

Caiteachas Ioncaim Iomlán 2009	**€28,438,080**
Caiteachas Caipitiúil Iomlan 2009	**€12,057,655**

RAPID – Droichead Átha

Ar bhuaicphointí 2009 bhí cuairt a thug an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa agus an formhuiniú a thug sí d'obair Chlár RAPID i nDroichead Átha. Rinneadh an chuairt seo sa tseachtain chéanna a bronneadh an duais fhoriomlán ar Chomhairle Buirge Dhroichead Átha i nDámhachtainí Feabhais Rialtais Áitiúil an Chomhlachais Tráchtála as tionscadal bainistíochta tráchtála "Big Hog" atá suite i mBunscoil Naomh Pól agus arna thacú ag RAPID Dhroichead Átha agus ag Coiste Scoileanna Gl"sa Chomhairle Lú.

Aithníodh roinnt príomhthionscadal práinneach trí dhul i gcomhairle le cónaitheoirí agus cuireadh i ngníomh iad. San áireamh anseo bhí geataíocht caolsráideanna ag An Bóthar Buí, bá d'otharcharr agus struchtúr mullaird ag Ráth an Mhaoláin. Rinne gach ceann díobh sin thuas a gcuid féin chun sábháilteacht agus caighdeán beatha na gcónaitheoirí a fheabhsú. Tionscnaimh Chomhshaoil Phobail RAPID ag obair i gcomhar le cónaitheoirí: leithdháileadh €160,000 ar bhearta dul chun cinn a d'aontaigh na foghrúpaí téama ar a raibh ionadaithe ó réimsí an oideachais, na sláinte, tacaíocht teaghlaigh, sábháilteacht pobail agus feabhsú comhshaoil.

Sampla de ghníomhaíochtaí sa bhliain 2009

- An Foghrúpa Sábháilteachta Pobail
  - Athchúiriú Teach Tionscaidail CABLE ag 158 An Mhónaidh Mhór.
  - Tabhairt isteach chláir phiaroideachais ar Fheasacht ar Dhrugaí ag CABLE, Tionscadal Garda na Bóinne.
  - Suiteáil 6 cinn eile de cheamaraí ciorcad teilifíse iata chun a líon i gceantair RAPID Dhroichead Átha a thabhairt go 12.
  - D'éascaigh RAPID Iniúchadh de chuid an Aonaid Chosanta Sonraí ar na sé cheamara ciorcaid iata tosaigh.
  - Cistiú le haghaidh oiliúint daoine óga atá ag gabháil do thionscadal Gharda na Bóinne chun gairdín orgánach a dhearadh agus a phlandú ag a n-áitreabh.
  - Roll amach leanúnach na bpacáistí Slándála Baile do sheanóirí.

Lena chois sin, chomhordaigh an Foghrúpa Sábháilteachta Pobail cur i ngníomh an fheachtais rathúil "Bin It, Don't Burn It" ag Oíche Shamhna agus d'óstáil tráthnóna coiscthe coireachta a eagrófar arís in 2010. Rinneadh iniúchadh ar an soláthar reatha chun dul i ngleic le ceist na handúile mar chuid d'obair leanúnach an Fhoghrúpa Sábháilteachta Pobail.

- An Foghrúpa Oideachais
  - Comhaontú mar gheall ar phlean gníomhaíochta oideachais.
  - Infheistíocht i leith forbairt TF a inbhuanú sna bunscoileanna.
  - Suiteáil leabharlainne nua ag Bunscoil Naomh Pól
  - Trealamh lónadóireachta ag Pobalcholáiste Naomh Oilibhéar.
  - Infheistíocht i bhforbairt seomra céadfaíoch ag Scoil Speisialta Naomh Íde.
  - Clár rince samhraidh ag Marymount NGS.
  - Cistiú chun clár litearthachta leanaí & teaghlaigh a choimeád ar siúl ag Bunscoil Naomh Eoin, Ráth an Mhaoláin, oiliúnóireacht pheile.

- An Foghrúpa Tacaíochta Teaghlaigh
  - Leanúint leis an Tionscnamh Tuismitheoireachta Éifeachtaí le tacaíocht an Ionaid Acmhainne Teaghlaigh. Osclaíodh CONNECT FRC go hoifigiúil i mbliana ag Áine Brady, an tAire Leanaí agus Seanóirí.
  - Forbairt leanúnach ar thionscadal na mBlianta Dochreidte i nDroichead Átha.
  - Soláthar trí cinn de chláir Tuismitheoireachta Éifeachtaí.
  - Ar na forbairtí sna hionaid nua cúraim leanaí bhí críoch an bhalla teorann, oibreacha comhshaoil agus an limistéar súgartha boig ag An Mhónaidh Mhór.

- An Foghrúpa Sláinte, faoi cheannas FSS. Chabhraigh an grúpa seo, go háirithe an tAonad um Chothú na Sláinte, chun feasacht a mhúscailt ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta sa bhliain 2009. Rolladh amach cláir éagsúla i gcomhar le heagraíochtaí reatha pobail agus deonacha. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh sa bhliain 2010. Rinneadh dul chun cinn leis an scéim Giarála Sláinte sa bhliain 2009. Fuair Alzheimer's Dhroichead Átha, Béilí ar Rothaí, Forbairt Stíl Mhaireachtála agus Seirbhísí Pobail Dhroichead Átha cistiú le haghaidh feabhsuithe caipitiúla a chuirfidh le leibhéal na seirbhíse atá ar fáil do sheanóirí.

- Seoladh Téama Fostaíochta agus Oiliúna RAPID i mí an Mheithimh. I nDroichead Átha mhéadaigh sé sin de 32 líon na n-áiteanna do dhaoine óga idir 18-25 bliain ar Scéimeanna Oiliúna Áitiúla de chuid FÁS. Tugann sé sin go 60 líon na rannpháirtithe atá i mbun oiliúna. San áireamh sna tionscnaimh nua tá Digital Media Training and Focus Your Future. San áireamh sna scéimeanna atá anois ann tá Tionscnamh Oiliúna Dhroichead Átha don Óige agus Deiseanna do Lucht Luathfhágála na Scoile a dhíríonn beirt ar dhaoine óga ó cheantair RAPId agus ón mbaile i gcoitinne. Braithfidh rath na scéimeanna LTI ar aistriú na ndaoine óga seo go cúrsaí breisoideachais agus oiliúna agus go fostaíocht sa todhchaí. Bhí na torthaí ar an scéim seo do dhaoine óga an-dearfach go dtí seo.

Bhí obair ar siúl i gcaitheamh na bliana le daoine óga, go háirithe chun Líonra Ógra Dhroichead Átha a fhorbairt. Tá forbairt Seirbhís Chomhthaite don Óige i Lú Theas á éascú faoin gclár chomh maith, i gcomhar le Forbairt Óige Dhroichead Átha.

An Oifig Ealaíon

Le blianta beaga anuas tá cáil tuillte ag Lú as caighdeán a cuid clár ceoil. Eagraíodh ceolchoirmeacha a mbeidh cuimhne orthu, le fada ar fud an chontae, cuid acu le tacaíocht ó Údaráis Áitiúla Lú, agus cinn eile i gcomhpháirtíochtaí le tionscnóirí ar nós Louth Contemporary Music Society. Seo thíos liosta de chuid de bhuaicphointí ceoil Dhroichead Átha:

- **Ensemble Avalon Turina,** Guilfoyle, Beethoven - Droichead Átha Eanáir, faoi choimirce Chomhairle Buirge Dhroichead Átha.
- **Badke Quartet Wilson,** Haydn, Bartok - Márta, faoi choimirce Comhairle Buirge Dhroichead Átha.
- **The Rest is Noise:** The Music of Alexander Knaife -Bealtaine, Féile Ealaíon Dhroichead Átha.
- **The Funeral Band** - Liam O Flynn, Shaun Davey, Seamus Begley et al - Bealtaine, Féile Ealaíon Dhroichead Átha.
- **Eliza Carthy and Band** - Bealtaine, Féile Ealaíon Dhroichead Átha.
- **Tredagh Singers Vivaldi** - Bealtaine, faoi choimirce Chomhairle Buirge Dhroichead Átha.
- **Valentin Silvestrov**, Elizabeth Cooney Silvestrov Meán Fómhair, Droichead Átha – faoi choimirce Údaráis Áitiúla Lú.

Féilte

Thug Údaráis Áitiúla Lú tús áite d'fhéilte sa Phlean Ealaíon, agus díríodh mórchuid acmhainní ar an réimse seo. Ó bhun caol, tá féilte tionscanta agus tacaithe againn agus tacaíocht tugtha againn do lucht eagraithe féilte ionas go bhfuil féilire féilte ealaíon ó cheann ceann na bliana, nach mór, anois ag Lú.

- **Féile Ealaíon Dhroichead Átha** - Ildisciplíne – Sé lá timpeall Dheireadh Seachtaine Bainc na Bealtaine – bainistithe ag Údaráis Áitiúla Lú.
- **Féile Samba Dhroichead Átha** - Ceol Samba agus ceol Mheiriceá Laidinigh – Trí lá i mí an Mheithimh – le tacaíocht Údaráis Áitiúla Lú.
- **Féile Cheoil Thraidisiúnta Dhroichead Átha** - Ceol traidisiúnta – Trí lá i mí an Mheithimh – le tacaíocht Údaráis Áitiúla Lú.
- **Leanbh** - Féile ildisciplíne do leanaí – Sé lá i mí Mheán Fómhair - le tacaíocht Údaráis Áitiúla Lú.

Lena chois sin, chomhordaigh agus d'íoc an Oifig Ealaíon ranníocaíocht Lú don bhunachar sonraí digiteach agus cur i láthair spásanna amharcealaíon in Éirinn, a choimeád an Coimisinéir Caoimhín Corrigan ag **Débhliantúil na Veinéise**.

Cistiú

Íocann **Comhairle Buirge Dhroichead Átha** deontais faoin Acht Ealaíon Sa bhliain 2009, shroich **Féile Ealaíon Dhroichead Átha**, ar tionscnamh de chuid Údaráis Áitiúla Lú í, an chlochmhíle de chúig fhéile rathúla as a chéile. Chun athbhreithniú a dhéanamh ar an obair go dtí seo, agus chun comhairle a sholáthar maidir le forbairt na féile sa todhchaí, choimisiúnaigh Údaráis Áitiúla Lú Richard Whately chun tuarascáil a chur i dtoll a chéile a mholadh bearta a chothódh fás leanúnach sa cheiliúradh ildisciplíne seo ar na healaíona.

I measc tionscnamh eile sa bhliain 2009 bhí -

- Lá Náisiúnta Filíochta. Eagraithe i gcomhar le **Poetry Ireland**, ba í seo an dara bliain den fhéile seo inar eagraíodh raon gníomhaíochtaí leathana a bhain le filíocht i nDroichead Átha.
- I mí an Mheithimh, chuaigh Údaráis Áitiúla Lú i gcomhar le **Rannóg na nEalaíon Traidisiúna sa Chomhairle Ealaíon** chun seimineár a eagrú mar gheall ar thacaíochtaí do na healaíona traidisiúnta, go náisiúnta agus go háitiúil. Ceann de na torthaí dearfacha ar an seimineár seo a raibh líon mór daoine i láthair aige ná gur bunaíodh Líonra Ealaíon Traidisiúnta Lú, a úsáideann ríomhphoist chun daoine a chur ar an eolas mar gheall ar imeachtaí agus ábhair leasa choitinn.
- D'oibrigh an tSeirbhís Ealaíon le **Calipa Theatre and Picture Company** chun dhá cheann de scoileanna samhraidh scannánaíochta a cheapadh agus a chur ar fáil, i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan, i mí Iúil 2009. Le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon, tugadh buneolas do rannpháirtithe ar conas script a scríobh, conas scéal a chur ar clár, scannánaíocht, eagarthóireacht agus gach scil eile a bhaineann leis sin, fad a bhí siad ag déanamh gearrscannán dá gcuid féin.
- Bhí clár ceardlann agus ranganna ar siúl ag **Drogheda Youth Dance Company** in Abbey Dance Studios i gcaitheamh na bliana. Bunaíodh é mar chuid de thionscadal Rinceoir Cónaithe, agus tá fiche ball nó mar sin aige anois a thagann le chéile uair sa tseachtain. Ceann de bhuaicphointí na bliana seo ab ea rannpháirtíocht na mball i gceardlanna rince faoi threoir Coiscéim mar chuid d'Fhéile Ealaíon Dhroichead Átha. Faigheann DYDC páirtchistiú ón gComhairle Ealaíon.

Comhairle Baile Dhún Dealgan

Tithíocht & Tógáil

Tugadh obair chun críche ag Scéim Tithíochta Inlíonta Choill an Ghleanna i mi na Bealtaine. Cuireadh tús leis an gconradh le haghaidh scéim tithíochta ag Sráid na Beairice agus tá súil é a chríochnú i mí Feabhra 2010. Comhoibriú mór idir an Chomhairle, DKIT agus FSS atá i gceist anseo chun saoráidí tithíochta um chónaí ar feadh an tsaoil a sholáthar gar do lár an bhaile. Tá obair ar leanúint ar fhorbairt lándéanta ag Bóthar na gCreagacha Dubha agus tá súil é a chríochnú i mí Feabhra 2010.

Tugadh 87 teach san iomlán ar ais go stoc na Comhairle i gcaitheamh na bliana agus rinneadh breis is 2,000 mhír dheisithe ar thithe. Cuireadh tús chomh maith sa bhliain 2009 ar athsholáthar fuinneog agus doirse in eastáit na Comhairle mar chuid de chlár cothabhála pleanáilte.

Athbheochan

Thug an Chomhairle oibreacha suntasacha chun críche i Muirtheimhne Mór agus in eastáit Dhiméin Cox faoin gclár Athbheochana. Ar na hoibreacha a tugadh chun críche bhí scairteáil teaghas seanóirí, múchadh ceart slí phoiblí, obair thírdhreacha, plandú crann, bearta maolaithe tráchta agus ceapadh comhairleoirí chun doiciméad na físe uirbigh a réiteach. Meastar go gcuirfear tús leis an treoirthionscadal le haghaidh Diméin Cox sa bhliain 2010.

Tithe Inacmhainne

Meastar go mbeidh 90 aonad inacmhainne curtha ar fáil faoi dheireadh na bliana 2009. I measc na n-aonad seo réadmhaoin a fuarthas faoi Chuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000-2002 agus réadmhaoin a tógadh faoi Chlár Tógála Tithíochta na Comhairle.

Clár RAPID Dhún Dealgan

Lárionad gníomhaíochta ab ea Clár RAPID Dhún Dealgan le bliain anuas, ag díriú ar chomhtháthú seirbhísí, cinnireacht agus infheistíocht nua. Trí obair Fhoireann Feidhmithe RAPID Dhún Dealgan baineadh amach roinnt gníomhartha sa dá cheantar RAPID i nDún Dealgan, Diméin Cox agus Muirtheimhne Mór. Is iad na fóraim eile atá i mbun beart um chuimsiú sóisialta sna ceantair RAPID ná Grúpa Comhairleach Dhún Dealgan um Dhrugaí agus an Grúpa Forbartha do chiste Shaoráidí agus Seirbhísí Daoine Óga, arna éascú ag Comhordaitheoir RAPID.

Ar na príomhbhearta a baineadh amach sa bhliain 2009 bhí:

- **Tionscadal na mBlianta Dochreidte** - tionscadal a chistíonn Ciste na gCuntas Díomhaoin agus Peace III agus a dhíríonn ar mhíbhuntáiste oideachasúil.
- **"Dúshlán Fiontraíochta" RAPID & Gnóthachtáil an Óige**. Dhírigh an tionscadal seo, a chistigh Bord Forbartha Contae Lú agus Comhpháirtíocht Leader Lú ar cheithre cinn d'iar-bhunscoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair RAPID i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan le linn 2009. Ba é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Dlí a sheol an tionscadal go hoifigiúil.
- Rinneadh dul chun cinn ar an mol beartaithe do **Phobal Cruthaitheach** don bhóthar faoisimh laistigh i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil.
- Bhí ráth ar **Champa Samhraidh agus Campa na Cásca RAPID** i gcomhar leis an FAI; d'fhreastail breis is 90 páiste san iomlán ó cheantair RAPID ar an dá champa. Eagraíodh na campaí seo i gceantair RAPID.
- Tá **Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna** a dhíríonn ar dhaoine óga dífhostaithe i bhfeidhm i nDiméin Cox agus i Muirtheimhne Mór i láthair na huaire. Bhí FAS, VEC, LES, Comhpháirtíocht Leader Lú, Comhairle Baile Dhún Dealgan, CDPanna áitiúla. Youth Work Ireland, tionscadail phobail agus óige áitiúla agus Lú bainteach leis na tionscnaimh ilghníomhaireachta seo.
- Eagraíodh ócáid **Spreagadh Lár an tSamhraidh** ar **Oíche na dTinte Cnámh** an 29 Meitheamh i bPáirc Oirialla i gcomhar le Comhairle Baile Dhún Dealgan, An Garda Síochána, Club Sacair Dhún Dealgan agus an FAI chun tinte cnámh a dhíspreagadh ar eastáit údaráis áitiúil. Bhí breis is 300 ógánach i láthair ar an ócáid seo agus d'éirigh go rí-mhaith leis. Eagrófar é gach bliain as seo amach.
- **Coiste Bainistíochta Eastáit.** Bunaíodh coiste bainistíochta eastáit i gcomhar le hoifigigh shinsearach i gComhairle Baile Dhún Dealgan, tionscadail forbartha pobail agus ionadaithe pobail i gceantair RAPID. Bíonn cruinnithe ag an ngrúpa seo fós chun beartas rannpháirtíocht tionóntaí Údaráis Áitiúla Lú a chur i ngníomh agus chun caidreamh dearfach a chur chun cinn idir na húdaráis áitiúla agus na pobail.

Feabhsú Agus Cothabháil Bóithre Réigiúnacha Agus Áitiúla

Le linn 2009 bhí clár cothabhála agus feabhsúcháin ghinearálta i bhfeidhm ar 103cm de bhóithre réigiúnach agus áitiúla sa bhaile. San áireamh bhí deisiú ar phoill, ar chosáin, glanadh clasán, comharthaí agus clárphlátaí ar bhóithre a chothabháil agus a athchur, bearradh féir,

bearradh ciumhaise agus athnuachan marcanna agus línte ar bhóithre.

I measc oibreacha eile a tugadh chun críche i gcaitheamh na bliana bhí athdhromchlú, athnuachan marcanna ar bhóithre, uasghrádú soilsiú poiblí, soláthar lánaí breise rothaíochta.

Seirbhísí Uisce

Lean an Chomhairle uirthi ag bainistiú agus ag cur i ngníomh clár um laghdú luaidhe tar éis leibhéil iomarcacha luaidhe a thabhairt faoi deara i soláthairtí uisce poiblí. Mar chuid den chlár rinneadh tástáil fhorleathan ar sholáthairtí uisce, cuireadh uisce buidéalaithe ar fáil do chustaiméirí a bhí thíos leis, sciúradh príomhphíobáin uisce agus cuireadh píobáin nua in ionad píobán luaidhe i mórán láithreacha. Chuir an Chomhairle, i gcomhar le Comhairle Contae Lú, comhairle ar fáil do chustaiméirí i dtaobh athchuir píobán luaidhe agus cuirfear clár i bhfeidhm faoina gcuirfear aigéad fosfarach leis an uisce chun leibhéil luaidhe a laghdú sa bhliain 2009.

Lean an Chomhairle dá tionscadal caomhnaithe uisce i gcomhar le Comhairle Contae Lú. Bhí an obair sin comhdhéanta de dhoirteadh sa líonra a bhrath agus a dheisiú agus príomhphíobáin uisce a raibh athshlánú de dhíth orthu a aithint.

Pleanáil

Plean Forbartha Dhún Dealgan agus a Phurláin 2009-2015

Cuireadh Plean Forbartha Dhún Dealgan agus a Phurláin nua ar taispeáint phoiblí i mBealtaine 2009 agus tar éis an phróisis reachtúil chun aighneachtaí a fháil agus a bhreithniú glacadh an plean i Samhain 2009.

Athfhorbairt Chearnóg an Mhargaidh

Fuarthas cistiú de €2.6m le haghaidh athfhorbairt Chearnóg an Mhargaidh. Is é aidhm fhoriomlán an tionscadail an Chearnóg a fhorbairt mar thionscadal suaitheanta i gceartlár an bhaile, mar phointe fócais do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon agus mar chomhartha éifeachtach ó thaobh costais de thodhchaí Dhún Dealgan mar bhaile Geata. Ó fuarthas an cistiú b'fhéidir dul ar aghaidh leis an tionscadal seo i gcomhréir leis an tairiscint a cuireadh faoi bhráid Údarás Réigiúnach na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair.

Iarratais Chuid 8 a formheasadh sa bhliain 2009

Cuireadh tograí pleanála Chuid 8 i ngníomh sa bhliain 2009 sna tionscadail seo a leanas:

- Stáisiún Pumpála Uisce Bhréan ag Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia.
- Oibreacha uasghrádaithe ar acomhal Bhóthar Charraig Mhachaire Rois / Ascaill Mhic an tSaoi.
- Uasghrádú ar thimpeallachán an N52/Bóthair na hAscaille.

Scéim do Ranníocaíocht Forbartha Chomhairle Baile Dhún Dealgan

- Ba é €1,283,047.23 iomlána na ranníocaíochta a fuair Comhairle Baile Dhún Dealgan sa bhliain 2009.
- Ba é €11,165,128.97 iomlán na ranníocaíochtaí a bhí fós gan íoc ag 31 Nollaig 2009.

TAIRISCINTÍ

Comhpháirtíocht idir Comhairle Baile Dhún Dealgan agus íocóirí rátaí Dhún Dealgan is ea BIDS nó Scéim Ceantar Feabhsú Gnó agus ceann de na príomhthionscadail a bhí acu anuraidh ná cruthú Oifig **Bhainisteoir Tráchtála Lár an Bhaile** a mhaoiníonn siad go díreach le rátaí a bailíodh ón mbaile. Is é Dún Dealgan an chéad bhaile in Éirinn a cheap an struchtúr uathúil seo faoinar féidir airgead a infheistiú go díreach i bhforbairt thráchtáil an bhaile.

Oifig neamhspleách is ea an Oifig sin agus tá grúpa stiúrtha aige comhdhéanta d'ionadaithe ó gach earnáil: **Miondíoltóirí, Comhairleoirí agus Feidhmeannaigh Chomharle Baile Dhún Dealgan, An Comhlachas Tráchtála agus ainmniúcháin ó na páirceanna miondíola agus páirceanna gnó**. An tasc simplí ach dúshlánach a bheith le cur i gcrích ag an Oifig ná timpeallacht trádála Dhún Dealgan a fheabhsú agus luach breise a thabhairt dó trí líon na ndaoine a thagann isteach sa bhaile a mheadú agus an meascán agus an cineál ceart infheistíochta a mhealladh.

Cosaint Comhshaoil

Na Bailte Slachtmhara

Bhuaigh Dún Dealgan Bonn Óir den chéad uair ag Duaiseanna na mBailte Slachtmhara 2008 tar éis 295 pointe a ghnóthú ar chraobh na bpointí, arbh ionann é agus méadú de 15 ar an mbliain 2007. D'aibhsigh na moltóirí fiontair nua ar nós siúlbhealaí Bhruach na hAbhann agus cosáin rothaíochta mar chuid de na feabhsuithe ba mhó sa bhaile. Thug na moltóirí ar aird chomh maith gur baile é Dún Dealgan "a bhfuil cuma iontach uirthi agus croí ann atá faoi bhláth" agus mar gheall ar ghlaine an bhaile dúirt "is léir go bhfuil toradh ar an obair chrua a rinneadh maidir leis an bplean bainistíochta bruscair" mar "ní raibh bruscar ar bith le feiceáil le linn mo chuairteanna".

Tá an Chomhairle faoi chomaoin ag Coiste na mBailte Slachtmhara, cónaitheoirí agus an pobal gnó as an gcúnamh

a thug siad chun go bhféadfadh an baile seo an duais seo a bhuachan. Mar thoradh ar an ngnóthachtáil seo roghnaíodh Dún Dealgan chun ionadaíochta a dhéanamh ar son na hÉireann sa Chomórtas Eorpach Entente Florale sa bhliain 2009.

Gnóthais Éireannacha ina aghaidh Bruscair (IBAL)

Cé gur shleamhnaigh Dún Dealgan anuas an sa chraobhchomórtas sa bhliain 2008, gnóthaíonn an baile marcanna arda i gconaí agus choimeád a stádas mar bhaile saor ó bhruscar agus glan de réir normacha na hEorpa. Fuair an baile torthaí den scoth i dtrí cinn de shuirbhéanna i gcaitheamh na bliana agus is fiú a thabhairt ar aird gur beag atá idir na bailte is fearr.

Glantachán Náisiúnta an Earraigh 2008

Rinneadh glanadh ollmhór ar an mbaile, ina raibh tuairim is 750 saorálach páirteach ann ó chumainn chónaitheoirí, grúpaí spóirt, scoileanna agus mar sin de páirteach ann, i mí Aibreáin 2008. Bailíodh os cionn 40 tonna dramhaíola agus tugadh ar shiúl é mar thoradh ar an iarracht dheonach seo a fuair tacaíocht ó na húdaráis áitiúla. Sa phictiúr tá baill de Chumann Peile Dhún Dealgan mar aon le Cathaoirleach na Comhairle Jim D'Arcy agus Joe Berrill ó Chomhairle Baile Dhún Dealgan.

Duaiseanna um Chuir Feabhas ar an mBaile Seo Againne 2008

Reachtáladh oíche bhliantúil Chuir Feabhas ar an mBailte Seo Againne i mí Dheireadh Fómhair agus bronnadh trí dhuais is seasca ar chumainn cónaitheoirí, grúpaí pobail, teaghlaigh aonair agus baill den phobal gnó ar son n-iarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcuma atá ar an mbaile nó ar a ngnóthas féin. Uair amháin eile, bhí líon mór daoine i láthair ar an oíche agus níor mhiste an duais seo a leanas a lua go speisialta:

An tEastát is Fearr

Catagóir A: Súil Na Mara
Catagóir B: Garrán na Sailí
Catagóir C: Clós Manydown

An tÚdarás Áitiúil is Fearr & Tithíocht Dheonach
An Chearnog

An Gairdín Aonair is Fearr Kevin McKenna, Bóthar Gharrán Dhún Uí Dhúill

An Teach Tábhairne is Fearr The Jockeys

An tÁitreabh Miondíola is Fearr Jacqueline Woods Interiors

An tÁitreabh is Mó Feabhas F.J. Murphy Sráid na Páirce

Duais na Moltóirí Creis an tSlánaitheora

Duais um Fheasacht ar Bhruscar Diageo, Bóthar Charraig Mhachaire Rois.

Scéim na nDeontas Taitneamhachta

Tacaíonn Comhairle Baile Dhún Dealgan i gcónaí le cumainn chónaitheoirí ina n-iarrachtaí chun a gcuid ceantar a choimeád ar ardchaighdeán.

Bronnadh deontais de €77,500 san iomlán ar bhreis is ochtó cumann cónaitheoirí agus grúpa pobail sa bhaile.

Ionad Athchúrsála Dhún Dealgan

Tá fás ag teacht ar an méid ábhair a athchúrsáiltear an t-am ar fad. Athchúrsáladh 9,870 tonna sa bhliain 2008 agus leis an méid a athchúrsáladh trí líonra ionad fág anseo an bhaile sáraíodh 10,000 tonna don dara bliain as a chéile. Soláthraíonn an tIonad múirín anois don Chomhairle Baile le húsáid ar fud an bhaile.

Caitheamh Aimsire & Taitneamhacht

Na hEalaíona

Eagraíodh ocht gcinn de thaispeántas lánscála sa Basement Gallery, a chláraíonn agus a bhainistíonn an tSeirbhís Ealaíon, agus lena chois sin thug ealaíontóirí cainteanna agus ceardlanna uathu.

Mar thoradh ar an Scéim Chéatadán don Ealaín cuireadh cúig cinn déag eile de shaothair ealaíne in áiteanna poiblí ar fud an chontae. Ainmníodh ceann amháin de na saothair a coimisiúnaíodh faoin Scéim seo agus cuireadh ar an ngearrliosta é le haghaidh Dámhachtain náisiúnta LAMA. Ba iad neadacha a rinne Geabhróga Beaga ar Inbhear na Bóinne, láimh le Baile Trá, agus léiríonn an saothair an saibhreas mór d'oidhreacht nádúrtha sa cheantar.

Forbraíodh mórchuid tionscadal ealaíon, a ceapadh agus a fréamhaíodh sa phobal, i gcaitheamh na bliana, agus ceann amháin ar éirigh go rí-mhaith leis ná Cónaitheacht an Cheoltóra Thraidisiúnta i nDroichead Átha, a chlúdaigh raon gníomhaíochtaí a thug ceol agus amhránaíocht thraidisiúnta go lucht éisteachta nua, agus a cheiliúir ceol agus amhránaíocht ó Dhroichead Átha agus ó Lú Theas. Ba í buaicphointe na Cónaitheachta foilsiú "Sing Out", leabhar a sholáthraíonn focail, ceol agus eolas cúlra mar gheall ar amhráin an cheantair.

Músaem an Chontae

Ba bhliain an-ghnóthach í 2010 ag Músaem an Chontae, Dún Dealgan. I measc buaicphointí na bliana bhí:

- cur i ngníomh *An Clár um Chaighdeáin Mhúsaeim d'Éirinn* (MPSI) na Comhairle Oidhreachta.

- taispeántais ar an óige sa bhfichiú haois in Éirinn agus raon fionnachtana a dtángthas orthu fad a bhí an seachbhóthar thiar á thógáil timpeall Dhún Dealgan.
- seoladh an láithreáin ghréasáin nua-dheartha.
- tús na dturas siúil le linn mhíonna an tsamhraidh.
- eagrú an chúrsaí ar stair na healaíne.

An Clár um Chaighdeáin Mhúsaeim d'Éirinn

Dhealródh sé gurb é tabhairt isteach córas caighdeán agus creidiúnaithe do mhúsaeim an fhorbairt is tábhachtaí san earnáil seo le roinnt blianta. Clúdaíonn an córas gach gné d'oibríocht an mhúsaeim sa raon ó soláthar comharthaíochta go doiciméadú, ó sholáthar beartais go bainistíocht straitéiseach. Tar éis gach riachtanas de chuid an Chláir a chomhlíonadh ag an gcéim eatramhach, beidh Músaem an Chontae, Dún Dealgan ar cheann de ghrúpa institiúidí den chéad rogha a bhain an ghnóthachtáil seo agus aibhsíonn sé caighdeán na seirbhíse a chuireann an músaem ar fáil.

Taispeántais

D'óstáil an Músaem dhá cheann de thaispeántais suntasach músaeim i gcaitheamh na bliana. *Seen But Not Heard: A Century of Childhood in Ireland* an t-ainm atá ar thuras taistil a d'eagraigh Líonra Músaem Údaráis Áitiúil agus a cheiliúrann an t-athrú in eispéireas na hóige mar a bhrath daoine é in Éirinn le linn na fichiú haoise. Is trí ghrianghraif agus cuimhní cinn daoine ar fud na hÉireann agus i gContae Lú chomh maith a insítear an scéal agus faoi chaibidil sa mhúsaem bhí súgradh, sláinte, obair agus cúrsaí oideachais a d'aibhsigh an iliomad athruithe ar shochaí na hÉireann le céad bliain anuas.

ASI: Thaispeáin *Imscrúdú Láithreacha Seandálaíochta i gContae Lú* cuid de na fionnachtana a dtángthas orthu fad a bhí an seachbhóthar thiar á thógáil timpeall Dhún Dealgan. San áireamh anseo bhí dearadh breá i stíl pháislig snoite ar chloch a fuarthas in uaimh thalún, cloch ar chruth caoirigh nó ba a ndealraíonn sé a d'fheidhmigh mar chineál altóra, bailiúchán de choirníní meánaoiseacha agus roinnt babhlaí iomlána. Ceapadh an taispeántas seo i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ceann de na gnéithe ba thruamhéiligh ann ná uaigh ina raibh corp mná agus linbh. Chuir an píosa scannáin seo i gcuimhne den lucht féachana cé chomh sobhriste is atá snáth na beatha agus an cineál saoil a bhí ag ár sinsir. Díol suntais is ea é go gcuirfear cuid de na babhlaí a bhí sa taispeántas seo leis an mbuan-taispeántas.

Suíomh gréasáin

Forbairt shuntasach ea tabhairt isteach láithreáin gréasáin an Mhúsaeim i roll amach na seirbhísí a thairgeann an músaem. Tá dhá fheidhm ag an láithreán gréasáin, an chéad cheann mar uirlis thionscnaimh agus margaíochta do chuairteoirí, mar bhealach chun nádúr agus fairsing an bhailiúcháin a chur i láthair; an dara ceann mar acmhainn, mar chartlann d'imeachtaí agus de thaispeántais roimhe seo ionas gur féidir le daoine nach bhfaca taispeántas ar leith féachaint air i ndiaidh dó dúnadh.

Turais Siúil ar Dhún Dealgan agus cainteanna Stair na hEalaíne

Nuair a chuireann músaem taispeántas i láthair, tá sé fíor-thábhachtach go nascfaí na déantáin leis an fheidhm a bhí leo sa domhan mór. Ba í seo an chúis gur tugadh isteach turais siúil agus cúrsa ar stair na healaíne. Ar an tslí seo méadaítear tábhacht agus ábharthacht taispeántais mar go mbíonn ar chumas cuairteoirí tírdhreach fisiceach baile (nó tíre) a nascadh le déantán agus le hócáid stairiúil ar leith. Tugann ócáidí mar seo léargas don lucht féachana ar thábhacht míre, nó fiú ar thábhacht taispeántais.

Ionad Spóirt Dhún Dealgan

Cé gur bhliain dhúshlánach í 2009 don Ionad Spóirt chabhraigh na hinfheistíochtaí agus na cláir a cuireadh i ngníomh sna blianta roimhe sin (urlár nua adhmaid, cláir a thug an Comhordaitheoir Spóirt isteach, agus mar sin de) chun deimhin a dhéanamh de go raibh an teacht isteach céanna ag an ionad i mbliana is a bhí roimhe.

Coimeádadh formhór na gclár **intí** ar siúl, ina measc bhí clár gníomhaíochtaí samhraidh ocht seachtaine (ilspóirt, mionchampa, cispheil, leadóg, badmantan), campaí larthéarma, campaí Cáisca, clár gníomhaíochtaí iarscoile (cispheil, leadóg, sacar), comórtas badmantain iarbhunscoileanna Lú, féile cispheile bhunscoileanna Lú.

Tá an **Clár Gníomhaíochtaí Riachtanas Speisialta** fós i bhfeidhm (Seirbhísí Malta, REHAB, Naomh Eoin Dé, An Líonra Náisiúnta Foghlama, Naomh Bríd, Líonra Míchumais Lú, agus Foireann Náisiúnta Cispheile Chumann Cathaoireacha Rotha na hÉireann) chomh maith leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a imeascadh isteach i mórchuid gníomhaíochtaí rialta.

Táblaí agus Aguisíní

Príomhtháscairí Feidhmíochta

SEIRBHÍS DÓITEÁIN		2007	2008	2009
F1: Slógadh na Seirbhíse Dóiteáin				
A.	Meántréimhse tógtha, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás dóiteáin	1.7	2.17	**2.06**
B.	Meántréimhse tógtha, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choiméadta) i gcás dóiteáin	4.8	3.57	**3.97**
C.	Meántréimhse tógtha, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás gach éigeandála eile	-	1.82	**1.6**
D.	Meántréimhse tógtha, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choiméadta) i gcás gach éigeandála eile	-	3.64	**3.84**
F2: An céatadán láithreachta ag láithreacha				
A.	Céatadán na gcásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad	75.9	60.93	**71.85**
B.	Céatadán na gcásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	22.1	34.94	**30.57**
C.	Céatadán na gcásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad	2	4.13	**3.26**
D.	Céatadán na gcásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile ina rabhthas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad	-	53.41	**54.36**
E.	Céatadán na gcásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	-	40.91	**40.27**
F.	Céatadán na gcásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad	-	5.68	**5.37**
F3: Cosc Dóiteán				
A.	Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas ar theastas sábháilteacht dóiteáin	371	180	**96**
B.	Líon iomlán na n-iarratas ar theastas sábháilteacht dóiteáin a próiseáladh (agus cásanna a measadh a bhí neamhbhailí san áireamh)	380	170	**96**
C.	Líon iomlán na n-iarratas a measadh a bhí neamhbhailí	-	7	**6**

RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL	2007	2008	2009
CP1: Rannpháirteacha i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg			
Céatadán na scoileanna agus na ngrúpaí ógra áitiúla atá rannpháirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	81.25	65.52	**65.52**
CP2: Grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach			
Líon na ngrúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach	-	108	**224**

CEISTEANNA CORPARÁIDEACHA		2007	2008	2009
C1: Laethanta Oibre a cailleadh de dheasca breoiteachta				
A.	Céatadán na laethanta oibre a cailleadh de dheasca saoire bhreoiteachta deimhnithe	4.25	4.41	**4.27**
B.	Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreoiteacha neamhdheimhnithe	0.9	0.97	**0.79**
C2: Oiliúint agus Forás na Foirne				
Caiteachas ar oiliúnt agus ar fhorás mar chéatadán de chostas iomlána párolla:		4.75	5.23	**3.75**

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL		2007	2008	2009
UISCE				
E1: Uisce nach bhfuil cuntas air				
Uisce nach bhfuil cuntas air mar chéatadán de mhéid iomlán an uisce a soláthraíodh faoi na scéimeanna soláthar uisce atá faoi chúram an údaráis áitiúil		-	44.19	**47.14**
E2: Anailís ar Uisce Óil				
A.	Céatadán thorthaí anailíse an uisce óil a chomhlíonann na riachtanais reachtaúla i dtaca le scéimeanna poiblí	97.63	97.47	**XXXXX**
B.	Céatadán thorthaí anailíse an uisce óil a chomhlíonann na riachtanais reachtaúla i dtaca le scéimeanna príobháideacha (más cuí)	95	94.99	**XXXXX**
BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA				
E3: Leithscaradh Dramhaíola * PRÍOBHÁIDITHE C.C. L.				
A.	Céatadán na dtithe a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola agus a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola leithscartha d'ábhair tirime inathchúrsáilte	- *	- *	**92.72**
B.	Céatadán na dtithe a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola agus a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola leithscartha d'ábhair orgánach	- *	- *	**27.79**

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL *ar leanúint*		2007	2008	2009
E4: Dramhaíl Teaghlaigh a Tugadh ar Shiúl lena Athchúrsáil				
A.	Céatadán na dramhaíola teaghlaigh a bailíodh ón gcolbha agus a tugadh ar shiúl lena athchúrsáil	20	27.59	**47.10**
B.	Tonnáiste na dramhaíola teaghlaigh a bailíodh ón gcolbha agus a tugadh ar shiúl lena athchúrsáil	7802	10637	**8968**
C.	Tonnáiste dramhaíola teaghlaigh athchúrsáilte, a thagann ó dhramhaíl bailithe ó shaoráidí athchúrsála (.i. bancanna beir leat, ionaid conláiste cathartha, stáisiúin aistrithe agus saoráidí athchúrsála eile)	-	5590	**15724**
E5: Dramhaíl Teaghlaigh a Tugadh ar Shiúl chuig Láthair Líonta Talún				
A.	Céatadán dramhaíola teaghlaigh bailithe a chuirtear chuig láthair líonta talún	80	72.41	**60.19**
B.	Tonnáiste dramhaíola teaghlaigh bailithe a chuirtear chuig láthair líonta talún	31129	27911	**19735**
E6: Saoráidí Athchúrsála				
Líon iomlán na Láithreacha Beir Leat i gceantar an údaráis áitiúil		38	37	**42**
Líon iomlán na Láithreacha Conláiste Cathartha i gceantar an údaráis áitiúil		2	2	**2**
Gloine				
A.	Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	38	37	**37**
B.	Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	**2**
C.	Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	40	39	**39**
D.	Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	1.8	1.75	**1.75**
Cannaí				
E.	Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	43	37	**42**
F.	Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	**2**
G.	Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	45	39	**44**
H.	Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	2.02	1.75	**1.98**
Teicstílí				
I.	Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	0	0	**0**
J.	Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	**2**
K.	Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	**2**
L.	Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	**0.09**

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL *ar leanúint*		2007	2008	2009
Cadhnraí				
M.	Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	0	0	**0**
N.	Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	**2**
O.	Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	**2**
P.	Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	**0.09**
Olaí				
Q.	Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	0	0	**0**
R.	Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	**2**
S.	Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	**2**
T.	Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	**0.09**
Ábhair eile				
U.	Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	43	43	**42**
V.	Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	**2**
W.	Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	39	39	**44**
X.	Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	2	1.75	**1.98**
BRUSCAR				
E7: Cosc Bruscair agus Forfheidhmiú Dlíthe Bruscair				
A.	Líon na maor bruscair lánaimseartha	7	7	**7**
B.	Líon na maor bruscair páirtaimseartha	0	0	**0**
C.	Líon na maor bruscair (idir pháirt- agus lán-aimseartha) in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.343	0.31	**0.31**
D.	Líon na bhfíneálacha ar an láthair	1207	1055	**933**
E.	Líon na bhfíneálacha ar an láthair íoctha	-	910	**442**
F.	Líon na gcásanna ionchúisimh tógtha i ngeall ar neamhíocaíocht fíneálacha ar an láthair	174	145	**32**
G.	Líon na gcásanna ionchúisimh a fuarthas i ngeall ar neamhíocaíocht fíneálacha ar an láthair	55	44	**27**
H.	Líon na bhfógraí eisithe (faoi ailt 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997)	-	23	**47**
I.	Líon iomlán na n-ionchúiseamh tógtha (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 go 2003)	-	157	**33**
J.	Líon iomlán na n-ionchúiseamh a fuarthas (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 go 2003)	-	44	**27**
K.	Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá neamhthruaillithe (.i. saor ó bhruscar)	14	10.00	**7.74**

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL *ar leanúint*		2007	2008	2009
L.	Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá truaillithe beagán le bruscar	78	77.50	**83.87**
M.	Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá measartha truaillithe le bruscar	8	11.88	**8.39**
N.	Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá truaillithe go suntasach le bruscar	0	0.63	**0.00**
O.	Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá truaillithe go dona le bruscar	0	0.00	**0.00**
E8: Gearáin agus Forfheidhmiúchán Comhshaoil				
A.	Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a bhain le truailliú comhshaoil (a bhain le dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truailliú torainn, truailliú aeir)	2755	2342	**65**
B.	Lion na ngearán a imscrúdaíodh	2625	2294	**65**
C.	Líon na ngearán a réitíodh nuair nár ghá aon bheart eile	-	2155	**52**
D.	Líon na nósanna imeachta forfheidhmiúcháin arna dtionscnamh	217	139	**13**
E9: Céatadán na scoileanna a ghlac páirt i bhfeachtais chomhshaoil				
A.	Céatadán na scoileanna a ghlac páirt i bhfeachtais chomhshaoil	64	64.38	**73.97**
B.	Céatadán na meánscoileanna a ghlac páirt i bhfeachtais chomhshaoil	75	50.0	**87.50**

TITHÍOCHT		2007	2008	2009
H1: Folúntais Tithíochta				
A.	Líon iomlán na dteaghas i stoc an údaráis áitiúil	3160	3344	**3484**
B.	Líon iomlán na dteaghas, seachas iad siúd a bhfuil mórthionscadal athchóirithe de dhíth orthu		3320	**3481**
C.	Céatadán foriomlán na dteaghas atá folamh (seachas iad siúd a bhfuil mórthionscadal athchóirithe de dhíth orthu)		1.17	**1.75**
D.	Céatadán na n-áitreabh folamh nach bhfuil ar fáil le ligean ar cíos	96	56.41	**62.30**
E.	Céatadán na n-áitreabh folamh atá ar fáil le ligean ar cíos	4	43.59	**37.70**
H2: An Meántréimhse a thógann sé teaghais atá ar fáil a athligean				
An meántréimhse ama (i seachtainí) ó dháta scartha an teaghais go dtí an dáta ar a bhfuil na deisithe ar fad déanta a bhí riachtanach chun an teaghas a athligean		-	8	**8**
An meántréimhse a thóg sé (i seachtainí) ó chríoch na n-oibreacha (thuas) go dáta an chéad chíosa		-	3	**3**
H3: Deisithe Tithíochta				
Líon na ndeisithe arna gcríochnú mar chéatadán d'uimhir na n-iarratas bailí a fuarthas		95	96.19	**93.90**

TITHÍOCHT *ar leanúint*		2007	2008	2009
H4: Cóiríocht do Thaistealaithe				
Líon iomlán na dteaghlaigh Taistealaithe ar tugadh cóiríocht dóibh mar chéatadán de na spriocanna a leagadh síos sa chlár áitiúil do chóiríocht do Thaistealaithe		33	100	**81.25**
H5: Forfheidhmiú caigheán san earnáil cíosa príobháideach				
A.	Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe	-	4595	**4104**
B.	Líon na n-aonad cónaithe a ndearnadh cigireacht orthu	-	122	**172**
C.	Líon na gcigireachtaí a rinneadh	-	122	**194**
D.	Líon na dteaghas a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán na dtionóntachtaí cláraithe (.i. B mar chéatadán de A)	-	2.66	**4.19**
H6: Deontais chun cóiríocht a oiriúnú do riachtanais daoine faoi mhíchumas				
A.	An meántréimhse a thóg sé (i seachtainí) iarratais a phróiseáil faoin Scéim Deontas um Áiseanna Gluaiseachta, lena n-áirítear aon chigireachtaí riachtanacha, ó dháta fála an iarratais bhailí go dtí dáta an chinnidh maidir leis an iarratas	-	8	**8**
B.	An meántréimhse a thóg sé (i seachtainí) iarratais a phróiseáil faoin Scéim Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, lena n-áirítear aon chigireachtaí riachtanacha, ó dháta fála an iarratais bhailí go dtí dáta an chinnidh maidir leis an iarratas	-	8	**8**
H7: Cúrsaí Taithíocha Réamhthionóntachta				
A.	Líon iomlán na dtionóntaí nua údaráis áitúil	-	406	**198**
B.	Céatadán na dtionóntaí nua údaráis áitiúil ar cúrsaí taithíocha réamhthionóntachta dóibh	-	100	**100**

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE		2007	2008	2009
L.1: Uaireantas oscailte Leabharlanna Poiblí				
A.	Meánuimhir na n-uaireanta oscailte poiblí sa tseachtain do leabharlanna lánaimseartha	35	34.5	**36.8**
B.	Meánuimhir na n-uaireanta oscailte poiblí sa tseachtain do leabharlanna páirtaimseartha (más cuí)	20	19.4	**19.3**
C.	Céatadán na leabharlanna lánaimseartha a osclaíonn ag am lóin	-	66.66	**66.66**
D.	Céatadán na leabharlanna lánaimseartha a osclaíonn um thráthnóna	-	100	**100**
E.	Céatadán na leabharlanna lánaimseartha a osclaíonn Dé Sathairn	-	100	**100**

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE *ar leanúint*		2007	2008	2009
L.2: Cuairteanna Leabharlainne				
Líon na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha in aghaidh gach 1,000 de dhaonra		-	1800.62	**1973.01**
L.3: Stoc Leabharlainne				
A.	Caiteachas bliantúil ar stoc in aghaidh gach duine sa daonra (ar fud an chontae/na cathrach)	-	2.65	**1.75**
B.	Líon na míreanna eisithe in aghaidh gach duine sa daonra (contae/ar fud na cathrach) i gcás leabhar	-	2.41	**2.73**
C.	Líon na míreanna eisithe in aghaidh gach duine sa daonra (contae/ar fud na cathrach) i gcás míreanna eile	-	0.28	**0.31**
L.4: Rochtain ar an Idirlíon sna Leabharlanna				
Líon na seisiún Idirlín a chuirtear ar fáil in aghaidh gach 1,000 de dhaonra		-	134.24	**173.61**

MÓTARCHÁIN		2007	2008	2009
M.1: Líon na nIdirbheart Mótarchánach				
A.	Líon na n-idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo ag an gcuntar	-	88680	**88244**
B.	Líon na n-idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo leis an bpost	-	4040	**3861**
C.	Líon na n-idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo ar bhealaí eile (m.sh. ar líne, ar an nguthán)	-	29339	**33765**
D.	Céatadán na n-idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo ag an gcuntar	90.81	72.65	**70.11**
E.	Céatadán na n-idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo leis an bpost	9.19	3.31	**3.07**
F.	Céatadán na n-idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo ar bhealaí eile (m.sh. ar líne, ar an nguthán)	14.58	24.04	**26.83**
M.2: An tAm a Thóg Sé Iarratais Phoist ar Mhótarcháin a Phróiseáil				
A.	Líon na n-iarratas poist ar déileáladh leo (m.sh. diosca eisithe) ar an lá ar a bhfuarthas an t-iarratas	3215	1885	**2454**
